




RTÉ

Tuarascáil Bhliantúil Léiriúcháin Neamhspléacha 2018





CLÁR

Réamhrá	2
Athbhreithniú ar an mBliain	
- Teilifís	4
- Raidió	16
Cistíocht Eile	19
Bearta Taca Eile	20
Rialachas Corparáide	20
Athbhreithniú ar Chúrsaí Airgeadais agus ar Chúrsaí Coimisiúnaithe	21
Tuarascáil ó Chuntasóirí Neamhspleácha	24
Sceidil	25

Oibríonn RTÉ, an eagraíocht is mó in Éirinn maidir le meáin chumarsáide seirbhíse poiblí, i gcomhar le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha chun ábhar spéisiúil sainiúil a chur ar fáil ar an teilifís, ar an raidió agus ar fud réimse seirbhísí digiteacha - ábhar atá ina léiriú ar shaol agus ar chultúr na hÉireann agus ar an éagsúlacht atá i gceist leis an saol sin sa lá atá inniu ann.

Fágann oibriú i gcomhar le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn gur féidir le tréithe na cruthaitheachta a theacht chun cinn agus gur féidir le RTÉ níos mó d'ábhar breá scéalaíochta agus cultúir ar fud an oileáin a thapú. Cruthaítear éagsúlacht in ábhar cláir RTÉ an tráth céanna a gcuirtear bonn treise faoi dhaoine agus faoi chomhlachtaí a chuireann fostaíocht ar fáil in earnáil na cruthaitheachta. Cothaítear an cumas cruthaitheachta sna scéalaithe is fearr in Éirinn leis an obair i gcomhar seo chomh maith le daoine nua a thabhairt chun cinn agus oidhreacht na cruthaitheachta in RTÉ féin a choinneáil ar bun.

Leis an gcomhar cruthaitheachta idir RTÉ agus earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, cuirtear réimse faoi leith d'ábhar sainiúil de chuid na hÉireann ar fáil a bhfuil saol phobal na hÉireann fite tríd: thapaigh 95% de na daoine fásta 18+ in Éirinn seirbhísí RTÉ ar a laghad uair amháin in aghaidh na seachtaine i rith na bliana 2018.¹

Anuas air sin, tá RTÉ ag tacú tuilleadh fós le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn chun lucht féachana idirnáisiúnta a aimsiú trí chistí forbartha agus comhléiriú idirnáisiúnta, ionas go gcuirtear ábhar na hÉireann ar mhargadh an domhain.

Tá de dhualgas ar RTÉ faoin *Acht Craolacháin 2009* íosmhéid réamhshocraithe a chaitheamh gach bliain ar chláir teilifíse agus raidió a léirítear go neamhspleách. Tá de nós ag RTÉ níos mó infheistíochta a dhéanamh i gcláir choimisiúnaithe ná an íosmhéid a éilítear. Déantar an tsuim sin a lóisteáil i gcuntas faoi leith ar a dtugtar Cuntas na gClár Neamhspleách agus tá dlite faoin Acht tuarascáil a chur ar fáil faoi oibriú an chuntais sin. Tugtar tuairisc sa tuarascáil seo ar an úsáid a bhain RTÉ as an gcuntas i rith na bliana 2018.

B'ionann an tsuim reachtúil a raibh dlite ar RTÉ í a chaitheamh i rith na bliana 2018 agus €39.7m (2017: €39.5m). Tugtar ábhar míniúcháin ina leith sin i Sceideal 1. B'ionann an caiteachas iomlán i rith na bliana 2018 agus €41.0m, €1.3m níos mó ná mar a bhí de dhualgas faoin reachtaíocht.

Trí na rannóga Léiriúchán Neamhspleách don Teilifís agus don Raidió a dhéantar an bhainistíocht maidir le gnóthaí airgeadais agus gnóthaí conartha i ndáil le léiriú na gclár coimisiúnaithe.



Ós é RTÉ an eagraíocht is mó in Éirinn maidir le meáin chumarsáide seirbhíse poiblí, ní mór an chuid is fearr d'aos dána na tíre a bheith le feiceáil agus le cloisteáil air. Is é an ceart go mbeadh an lucht éisteachta agus féachana ag súil le daoine nua agus tuairimí nua arís agus arís eile ar RTÉ.

Ní mór seo a dhéanamh i gcomhthéacs earnáil na meán cumarsáide atá faoi athrú suntasach. Tá an borradh mór atá faoin nuáil sa lá atá inniu ann ina chúis le hathrú ar sheanphátrúin. Is mór an tionchar atá ag ardáin dhomhanda de leithéid Netflix, YouTube, srl. go háirithe i measc dreamanna níos óige den lucht féachana. Ina ainneoin sin, tá ról buntábhachtach i gcónaí le RTÉ i saol na hÉireann, i gcultúr na hÉireann agus sa díospóireacht a tharlaíonn in Éirinn. Is mór ag an bpobal cuid mhór dá ndéanann RTÉ gach lá. Tá ábhar spéisiúil cláir á chur ar fáil i gcónaí ag RTÉ ar fud na gcainéal agus na seirbhísí líneacha agus téitear in oiriúint agus i mbun tástála freisin chun an leas is fearr is féidir a bhaint as deiseanna i réimsí digiteacha.

Trí dhírú ar an gcruthaitheacht agus ar nuáil le léiritheoirí neamhspleácha i mbun cláir teilifíse, cinntítear go mbíonn teacht i gcónaí ag lucht féachana na teilifíse in Éirinn ar ábhar cláir ar de chuid na hÉireann go dlúth agus go smíor é. Cuidíonn an comhar páirtneireachta seo le beocht a choinneáil san obair léiriúcháin dhúchasach agus in earnáil na meán cumarsáide, rud a bhfuil buntábhacht leis maidir le fiontraíocht na cruthaitheachta in Éirinn.

Craoladh 1,457 uair an chloig de chláir teilifíse ar RTÉ i rith na bliana 2018 a léirigh léiritheoirí neamhspleácha.

RTÉ One

Fiú amháin agus a bhfuil d'iomáiocht ar siúl maidir le lucht féachana a mhealladh ó chraoltóirí traidisiúnta agus ó lucht sruthchraolta araon, lean RTÉ One i rith na bliana 2018 de na dreamanna ba mhó den lucht féachana in Éirinn a tharraingt le meánsciar 23.6% den lucht féachana i rith na mbuaicthráthanna. Réimse leathan clár ar fud na seánraí príomhthábhachtacha uilig a tharraing an lucht féachana. Bhí cuid mhór teaghlach ag faire ar *Dancing with the Stars* ag tús na bliana agus ar *Ireland's Fittest Family* i rith an fhómhair. Tharraing drámaí nua de chuid na hÉireann, *Taken Down* agus *Striking Out*, lucht féachana mór agus bhí comhchistí ar fáil ó pháirtneirí idirnáisiúnta lena n-aghaidh sin, straitéis a raibh gá léi agus ar éirigh go maith léi i rith na bliana 2018. Tá cláir faisnéise ag dul i gcion ar an lucht féachana i gcónaí. Áirítear ar na buaicphointí ina leith sin, *The Game*, stair shainiúil na hiománaíochta, *Eavan Boland: Is It Still the Same?*, portráid ríspéisiúil de dhuine de na filí is mó a bhfuil ómós di in Éirinn agus *We Need To Talk About Mam*, inar léirigh an láithreoir Brendan Courtney na deacrachtaí a bhaineann le teaghlach atá i mbun soláthar a dhéanamh do thuismitheoir aosta.

Is léiriú *Striking Out* agus *Taken Down* araon ar a fheabhas a oibríonn maoiniú poiblí agus infheistíocht ar bhonn tráchtála ar scáth a chéile.



Striking Out



Taken Down



The Tommy Tiernan Show

Drámaíocht agus Greann

Cuireadh tús leis an mbliain ar RTÉ leis an dara sraith de *Striking Out* le Blinder Films i mí Eanáir le Amy Huberman, Neil Morrissey, Maria Doyle Kennedy agus Moe Dunford sna príomhpháirteanna. Bhí maoiniú i gcomhar á dhéanamh ar an tsraith éadrom seo ag RTÉ, DCD Rights, Acorn Media Enterprises, Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus faoi Roinn 481 (scéim faoisimh cánach maidir le scannánaíocht agus léiriú teilifíse in Éirinn). Tháinig ardú go dtí 37.5% ar an sciar den lucht féachana a tharraing an dara sraith seo. Tosaíodh ar a chraoladh i mí Feabhra freisin ar Acorn sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada. Bhí sé ar an dara sraith ba mhó a sruthaíodh ar chóras Acorn TV tráth a seolta. Ceannaíodh Sraith 2 agus úsáideadh é chun 5 Select (Channel 5) a sheoladh sa Ríocht Aontaithe. Díoladh freisin é le Sundance Now International, seirbhís ilchríche ar fud réigiún EMEA (An Eoraip, an Mheánoirthear agus an Afraic).

I mí na Samhna, craoladh *Taken Down* ar RTÉ, sraith sé chlár de dhrámaíocht ghéar chrua faoi gháinneáil ar ghnéas bunaithe ar shaol daoine faoin gcóras soláthair díriú atá ag lorg tearmainn. Bhí Brian Gleeson, Aisla Maíga, Slimane Dazi, Orla Fitzgerald, Lynn Rafferty agus Jimmy Smallhorne sna príomhpháirteanna. Spiral Pictures a léirigh an tsraith a rinne an triúr príomhchruithitheoirí céanna a bhí i mbun *Love Hate*: Stuart Carolan, scríbhneoir agus léiritheoir feidhmiúcháin, Suzanne McAuley, léiritheoir agus David Caffrey, stiúrthóir. Bunaíodh an tsraith ar smaoinemh a cheap Jo Spain, an t-úrscéalaí a rinne roinnt den obair scríbhneoireachta ar an tsraith chomh maith. RTÉ, Fremantle International, Alt 481, agus an tÚdarás Craolacháin a chuir cistíocht ar fáil do *Taken Down* chomh maith leis an socrú díolacháin réamhléiriúcháin leis an mbealach teilifíse ARTE sa Fhrainc. Ó rinneadh a chéadchraoladh, díoladh an tsraith leis an BBC agus beidh sé á chraoladh acusan in Albain i rith an earraigh agus ar BBC 4 níos faide amach sa bhliain 2019.

Is léiriú *Striking Out* agus *Taken Down* araon ar a fheabhas a oibríonn maoiniú poiblí agus infheistíocht ar bhonn tráchtála ar scáth a chéile.

Choimisiúnaigh RTÉ cúig cinn de dhrámaí 20 nóiméad freisin faoi chlól *Storyland* don RTÉ Player. Coimisiún ábaltachta agus críochnúlachta atá i gceist le *Storyland* chun réimse scríbhneoirí, léiritheoirí, stiúrthóirí agus aisteoirí nua nár oibrigh le RTÉ cheana a thabhairt chun cinn. Mar gheall go rabhthas ag díriú ar an scríbhneoir go príomha sa choimisiúin, tá curtha leis an éagsúlacht ó thaobh inscne tríd is tríd. Tá curtha le líon na mban atá ag obair ina léiritheoirí cruthaitheachta agus ina scríbhneoirí ar choimisiúin bunleibhéal RTÉ. Bhí cistíocht i gcomhar á cur ar fáil maidir le *Storyland 2018* ag Scáileán Thuaisceart Éireann, an ghníomhaireacht náisiúnta maidir le cúrsaí scannánaíochta i dTuaisceart Éireann.

Maidir le Cláir Ghrinn, bhí *The Tommy Tiernan Show* ar ais don dara sraith. Ar an gclár cainte tionscanta seo, arna léiriú ag Power Pictures, ní bhíonn a fhios ag Tiernan cé na haíonna a bheidh roimhe go dtí go mbíonn siad os a chomhair amach. Déanann sé an cur i láthair ar a bhealach féin, ábhar grinn á mheascadh leis an gcaint agus leis an gcomhrá. Uaireanta bíonn aithne nó eolas aige ar na haíonna roimh ré, uaireanta ní bhíonn cloiste aige fúthu beag ná mór. Beag beann air sin, seolann Tommy an comhrá ar bhealach an ghrinnis go minic agus ar bhealach an ghrinn i gcónaí.

Cuireadh sraith nua scrípteáilte ghrinn, *Finding Joy*, ar fáil ar RTÉ One sa bhliain 2018 arna scríobh ag Amy Huberman a bhí sa phríomhpháirt chomh maith. Ríomhtar sócail laethúil an gearachta Joy sa tsraith agus í ar thóir an tsonais ainneoin cruachas nó géarchéim ag baint le cúrsaí oibre agus caidrimh. Le cliar mór d'aisteoirí Éireannacha, stiúrthóir as Éirinn agus scríbhneoir as Éirinn, rinne RTÉ, an tÚdarás Craolacháin agus Acorn TV maoiniú ar *Finding Joy* (Rubicon Films/Treasure Entertainment).

ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN

TEILIFÍS

Siamsaíocht agus Ceol

Lean RTÉ i rith na bliana 2018 den réimse ábhair sármaith a fhorbairt agus a leathnú. Otháíodh agus daingníodh ar an gcaoi sin an dea-chlú maidir le cláir siamsaíochta ar ardchaighdeán atá ar RTÉ agus cuireadh ábhar mórspéise ar fáil do dhreamanna fairsinge éagsúla den lucht féachana. Déanann RTÉ cuid mhór coimisiúnaithe ar chlár siamsaíochta do na buaicthráthanna ó léiritheoirí neamhspleácha agus oibrítear i gcomhar leis an earnáil chun ábhar atá ar scoth an domhain a cheapadh agus a léiriú.

Bhí *Dancing with the Stars* (Shinawil) ar ais don dara sraith i rith na bliana 2018 agus mheall an clár aird ó dhreamanna de gach aois ar fud an lucht féachana – tá an tríú sraith curtha ar coimisiún le craoladh i rith na bliana 2019. Bhí an láithreoir cumasach Bláthnaid Treacy ar ais i mbun *Can't Stop Dancing* – clár a thug deis do dhaoine a bhíonn ag faire ar *Dancing with the Stars* breis eolais a fháil ar fhírinne an cháis ag na hiomaitheoirí ar an bpríomhshraith.

Tugadh sraith nua de *Ireland's Fittest Family* (Animo TV Productions), a mbíonn tóir bliain i ndiaidh bliana air, ar ais i rith an fhómhair agus an láithreoir Kathryn Thomas beo bríomhar in éineacht leis na cóitseálaithe Donncha O'Callaghan, Derval O'Rourke, Anna Geary agus Davy Fitzgerald.

Bhí Brendan O'Connor ar ais ar theilifíseáin na hÉireann le dhá shraith de *Brendan O'Connor's Cutting Edge* (Mind the Gap Films). Bhí tóir arís ag an lucht féachana ar maith leo dearcadh eile ar na scéalta is mó a tharraingíonn caint gach seachtain ar an bhformáid seo agus bhí réimse leathan éagsúil de dhaoine spéisúla ar an bpainéal.

Bhí aird ar RTÉ arís maidir le mórimeachtaí ceiliúrtha náisiúnta agus tugadh léiriú cuimsitheach teilifíse ar pharáid Bhaile Átha Cliath ar *St Patrick's Day 2018* (Coco Television Productions) chomh maith le spleachadh leathan ar spleodar ildaite an lae, ar oirfidíocht agus ar amharclannaíocht sráide ar *St Patrick's Festival Highlights*.

Craoladh searmanas bronnta 2018 *IFTA Film and Drama Awards* arna léiriú ag Coco Television lena raibh de ghalántacht agus de sceitimíní le feiceáil agus aisteoirí, stiúrthóirí agus léiritheoirí mór le rá na hÉireann cruinnithe le teann ómóis agus ceiliúrtha ar shárchumas ealaíontóirí na hÉireann le linn ré órga na scannánaíochta in Éirinn.

Leanadh den cheol ar RTÉ One le ceolchoirm aon uaire ar *The Gloaming Live at the NCH* (South Wind Blows) agus an tsraith *Fleadh Cheoil* (Red Shoe Productions) a tharraingíonn lucht féachana i gcónaí agus a bheidh ar ais arís sa bhliain 2019 le ceol ó na ceolchoirmeacha, ó na comórtais agus ó na seisiúin sna títhe ósta chomh maith le cineálacha eile siamsaíochta le linn cheann de na féilte ceoil is mó ar domhan.

Ar na cláir eile a coimisiúnaíodh sa bhliain 2018 lena gcaoladh i rith na bliana 2019, tá dhá chlár uair an chloig an ceann sa tsraith *Marty & Bernard's Big Adventure* (Shinawil), ina bhfeictear Marty Morrissey agus Bernard O'Shea – beirt a raibh an-spéis iontu ag lucht féachana *Dancing with the Stars* – agus *Twinkling through the Years* (Tyrone Productions), ina mbeidh súil siar á chaitheamh ar ábhar cartlainne ag Adele King (Twink).



Dancing with the Stars



Ireland's Fittest Family

Bhí Brendan O'Connor ar ais ar theilifíseáin na hÉireann le dhá shraith de *Brendan O'Connor's Cutting Edge* (Mind the Gap Films).



Brendan O'Connor's Cutting Edge

Fíorasach

Rinneadh athchóiriú ar struchtúr coimisiúnaithe RTÉ sa bhliain 2018 mar chuid d'athchóiriú níos ginearálta ar chúrsaí bainistíochta ar fud na heagraíochta. Tugadh Slíte Maireachtála, na Réigiúin, Cláir Fhíorasacha, Cláir Reiligiúnda agus Oideachas agus Eolaíocht, réimsí ar caitheadh leo mar réimsí faoi leith go dtí sin, le chéile in aon Ghrúpa Fíorasach amháin. Tá atheagar curtha ar na réimsí éagsúla sin arna ndealú de réir seánraí agus tráthanna craolta sa sceideal agus iad ag teacht anois faoi réimsí coimisiúnaithe nua. Is dóigh le RTÉ gur soiléire an córas seo d'earnáil na léiritheoirí neamhspleácha chomh maith lena bheith ina chur chuige níos comhtháite agus níos straitéisí i ndáil le coimisiúnú. Ó mhí Márta 2018 amach, seo a leanas na réimsí nua a thagann faoi scáth Ghrúpa na gClár Fíorasach: Cláir agus Sraitheanna Faisnéise (iarthairseach RTÉ One); Fíorasach Móréilimh agus Siamsaíocht Fhíorasach (roimh an tairseach RTÉ One, iarthairseach RTÉ2); Fíorasach Sainiúil (iarthairseach RTÉ One den chuid is mó) agus Cláir Reiligiúnda (RTÉ One).

Cláir agus Sraitheanna Faisnéise

D'éirigh go maith arís eile i rith na bliana 2018 le cláir agus sraitheanna faisnéise i rith na mbuaicthráthanna iarthairsí ar an Domhnach agus ar an Luan. Sraitheanna siamsúla iomráiteacha is mó a craoladh oícheanta Domhnaigh, mar shampla *Room to Improve* le Coco Television, *Great House Revival* le Animo agus *Who Do You Think You Are*, comhléiriú de chuid Kite agus Animo. Bhí téagar iontu seo ó thaobh cúrsaí eagarthóireachta agus an-tóir orthu ag an lucht féachana ag teannadh le deireadh an deireadh seachtaine. Bhí siad in iomaíocht le sárchláir drámaíochta idirnáisiúnta ach tharraing siad lucht féachana maith ag tráthanna tábhachtacha den sceideal i rith na bliana.

Bhí níos mó éagsúlachta i gceist leis na cláir faisnéise a craoladh oícheanta Luain agus an éagsúlacht ba mhó idir leithéid *George Lee: The Beef with Brexit* le Crawford McCann agus *We Won the Lottery* le Waka. Bhain na cláir is fearr ar éirigh leo an tráth sin den sceideal le scéalta pearsanta daoine aitheanta. Sa chlár *Philly McMahon - The Hardest Hit* (Frontline Films), scrúdaigh an t-imreoir cáiliúil peile le Baile Átha Cliath an cás faoi láthair maidir le húsáid drugaí agus athshlánú in Éirinn agus labhair sé faoi chuimhne pearsanta an teaghligh ar dheartháir níos sine leis a fuair bás luath ina shaol mar gheall ar mhí-úsáid drugaí. Scrúdaigh Baz Ashmawy a oiread atá níos míthairbheach cearrbhachais ag teacht chun tosaigh in *All Bets Are Off* (Animo TV Productions) agus in *We Need to Talk About Mam* (Waka TV) chuaigh Brendan Courtney i ngleic le cúrsaí pleanála don saol nuair atáthar in aois an phinsin in éineacht lena mháthair nach ndearna, ach oiread leis féin, soláthar don am a mbeadh deireadh lena saol oibre. Bhí ceisteanna móra sóisialta á gcoiradh i ngach ceann de na cláir seo ach iad á gcur trasna do dhreamanna níos fairsinge agus níos óige den lucht féachana trí insint an chéad phearsa agus le tráchtairé tógtha sothuigthe. Cé nach móide aon cheist mhórthábhachtach shóisialta i gceist lena raibh le socrú ag an sár-imreoir rugbaí Tommy Bowe ar éirí as an gcluiche dó, bhí léargas seachas mar a fhaightear go hiondúil ar fáil ar shaol na n-imreoirí, ar an ngnó a bhaineann leis an spórt gairmiúil agus ar na bearnaí a bhíonn gan líonadh nuair a thagann deireadh tobann leis an saol gairid poiblí a chaitheann imreoirí ag an lucht féachana in *Tommy Bowe: The End Game* (Oddboy Media).

Bhí amharc ag lucht féachana *Back to the Joy* le Poolbeg Productions ar an saol i bPríosún Mhuinseo agus léargas arís acu ar charachtair a cuireadh i láthair i dtosach sa chéad sraith, *The Joy*, a craoladh fiche bliain ó shin. Thaitin sé go mór leis an lucht féachana. Athchuir de chineál eile a bhí i gceist nuair a tháinig an Pápa Proinsias go hÉirinn ceathracha bliain tar éis chuairt an Phápa Eoin Pól II. Léiríodh in *The Visit*, clár faisnéise faireacháin Moondance Productions, an t-ullmhúchán roimh ré agus cuairt an phápa ar thír atá éagsúil go mór leis an tír a chonaic Eoin Pól II ceathracha bliain ó shin.

D'éirigh go maith arís eile i rith na bliana 2018 le cláir agus sraitheanna faisnéise i rith na mbuaicthráthanna iarthairsí ar an Domhnach agus ar an Luan.



Great House Revival



All Bets Are Off



Tommy Bowe: The End Game

ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN

TEILIFÍS

Sa bhliain 2019, tá béim ar éagsúlacht de shraitheanna móréilimh a chur ar fáil ina ndéantar trácht ar scéalta móra suntasacha a bhféadfaí súil a choinneáil orthu ó bhliain go chéile ionas gur mó a théann an t-ábhar i gcion ar dhaoine. Beidh buntábhacht le croí agus anam, chomh maith le hábhar siamsa, a chur sna cláir faisnéise agus treisiú leis an dícheall scéalta casta a aimsiú ar minic gur le himeacht aimsire a bhíonn siad le hinsint. Ar mhaithe leis sin, leanfar ag tabhairt faoi thionscadail mhóra shuntasacha a fhorbairt chomh maith le cinn chorraitheacha a bhogann an croí sa lucht féachana.

Fíorasach Móréilimh agus Siamsaíocht Fhíorasach

Bhí níos mó ná fiche sraith i gceist leis an ábhar de chláir fhíorasacha mhóréilimh sa bhliain 2018 agus craoladh mórchuid mhór acu ag tráthanna craolta 8.30 i.n. i lár na seachtaine. Ar na buaicphointí, bhí *At Your Service* le Francis Brennan arna léiriú ag Waddell Media agus chuir an lucht féachana spéis arís in *Operation Transformation* agus in *Daniel and Majella's B&B Roadtrip*, an dá shraith á léiriú ag Vision Independent Productions (VIP). Bhí an t-athrú ar an margadh tithíochta le feiceáil sa dara sraith de *Find Me a Home* (Waddell Media) agus tithe arna leagan amach go sármhaithe le feiceáil ar *Home of the Year* (Shinawil). Bhí cúnamh le fáil ar *Home Rescue* (Coco Television) ag daoine ar mhaithe leo go dtabharfaí roinnt den stór ábhair atá á choinneáil acu chun bealaigh.

Ar na buaicphointí eile maidir le cúrsaí taistil, bhí dhá shraith ó Waddell Media, *Francis Brennan's Grand Tour* agus *Getaways* arna chomhléiriú leis an BBC. Léiríodh an deichiú sraith de *Supergarden* le VIP, chomh maith leis an tsraith ghaolmhar *Bloom*.

Rinneadh freastal ar lucht beadaí le dhá shraith ó Mind the Gap Films, *Healthy Appetite*, sraith nua le maoiniú ón Údarás Craolacháin agus sraith eile den chlár *Lords and Ladles*. Bhí Philip Boucher-Hayes ag cur na ceiste *What Are You Eating?* arís i sraith eile de chuid Shinawil.

Rinneadh léiriú píolótach ar fhormaidí nua, ina measc *My Big Day: Home or Away* le Coco Television, clár maidir le pleanáil bainiseacha agus comparáid á dhéanamh idir roghanna in Éirinn agus thar lear, agus *Raised by the Village* le Waka TV inar scrúdaíodh ceisteanna maidir le hathrú ar dhearcadh déagóirí suaithe a bhuíochas de thionchar an phobail.

Fíorasach Sainiúil

Leanadh den fhorás ar chláir fhíorasacha shainiúla i rith na bliana 2018 le sraith de thionscadail spéisiúla den nuacht a chuir le cláir réamhaitheanta a bhí á dtabhairt ar ais an athuir.

Ar na buaicphointí maidir le cláir nua sa réimse seo i rith na bliana 2018, áirítear: *Stressed* (Firebrand/stop.watch), *My Broken Brain* (Indiepics), *School Life* (Soilsíú), *Growing Up Live* (Loosehorse), *The Game* (Crossing the Line), *Election '18* (Loosehorse) agus *Ireland After The Rising* (Loosehorse).

Bhí *Big Week On The Farm* (Indiepics) ar ais freisin sa bhliain 2018, é á chraoladh cúig oíche as a chéile i mí Aibreáin den fheirm déiríochta a ritheann muintir Gillian O'Sullivan taobh amuigh de Dhún Garbháin i gContae Phort Láirge. Craoladh *Ploughing Live* (VIP), á chur i láthair ag Marty Morrissey agus Áine Lawlor trí oíche as a chéile i mí Meán Fómhair ón gComórtas Náisiúnta Treabhadóireachta.



What Are You Eating?



My Broken Brain

Leanadh den fhorás ar chláir fhíorasacha shainiúla i rith na bliana 2018 le sraith de thionscadail spéisiúla den nuacht a chuir le cláir réamhaitheanta a bhí á dtabhairt ar ais an athuir.



Big Week On The Farm

Craoladh *Growing Up Live* (Loosehorse), á chur i láthair ag Angela Scanlon, beo as Áras na hAnatamaíochta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i mí na Samhna, an ghné ba shuntasá de dhúthracht leanúnach RTÉ maidir le hábhar eolaíochta agus Seachtain na hEolaíochta ar RTÉ. Tharraing an clár fíorasach siamsaíochta seo de chineál nua dúchasach, arna léiriú i gcomhar le Fondúireacht Eolaíochta Éireann, lucht féachana fairsing agus cothaíodh cuid mhór caidrimh ina leith ar ardáin dhigiteacha RTÉ.

Diól suntais freisin maidir le réimse na heolaíochta an tsraith dhá chláir *Stressed*, á chur i láthair ag Jennifer O'Connell agus ag an Ollamh Ian Robertson, agus *My Broken Brain*, scannán an-spéisiúil maidir le gortú inchinne faoi stiúir Anna Rodgers.

Tharraing *School Life*, cóiriú dhá chláir teilifíse ar an scannán faisnéise iomráiteach *In Loco Parentis* le Neasa Ní Chianáin aird chomh maith, mar a tharraing *Leaving Again* an scannán faireacháin le Adrian McCarthy agus Stephen Byrne faoi na scrúduithe stáit in Éirinn.

Ba léir dúthracht RTÉ maidir le cláir den nuáil faoi chúrsaí staire maidir le *The Game* (Crossing the Line) agus *Election '18* (Loosehorse). Sraith ardochaighdeán ardsuntais trí chláir a bhí in *The Game*, dírithe ar stair shóisialta na hÉireann mar is léir sin ón bhforbairt ar an iománaíocht. Rinne an tÚdarás Craolacháin agus Cumann Lúthchleas Gael comhchistiú ar an tsraith a craoladh i rith an tsamhraidh agus a raibh moladh air ag na léirmheastóirí ar fad. Tharraing an tsraith lucht féachana maith ar oícheanta Luain. Craoladh *Election '18*, clár suntasach staire uair go leith i mí na Nollag ag tráth craolta roimh an tairseach. Tharraing an clár, ina ndearnadh athchruthú ar an gcéad olltoghchán in Éirinn a raibh de cheart ag mná vótáil ann, aird mhór agus moladh.

B'ábhar sásaimh do dhaoine cláir eile a bhaineann le réimse na gClár Fíorasach Sainiúil a fheiceáil ar ais arís i rith na bliana 2018, ina measc *What in the World* (KMF Productions), *Crimecall* (360 Productions/Green Inc) agus *Ear To The Ground* (Indiepics) a chruthaigh go maith.

Cláir Reiligiúnda

Chun cur le hábhar fíorasach agus ábhar adhartha a bhí á léiriú go himhneánach an bhliain ar thug an Pápa Proinsias cuairt go hÉirinn, bhí léargas grinn taitneamhach in *The John Pauls* (Animo) ar an athrú atá tagtha ar Éirinn ó thug Pápa cuairt cheana uirthi agus sin trí shúile na ndaoine a ainmníodh i ndiaidh Eoin Pól II. Le cúnadh airgid ón Údarás Craolacháin agus le Martin Sheen i mbun na reacaireachta, ríomhfar scéal an Athar Patrick Peyton in *Guns and Rosaries* (Esras Films) a chraolfar i rith na bliana 2019. I gContae Mhaigh Eo a rugadh 'Sagart an Phaidrín' arbh ábhar iontais go raibh oiread aird air sna meáin agus go ndearnadh mogul de i Hollywood agus arbh ábhar iontais níos mó arís go raibh sé ina ghníomhaire rúnda ina dhiaidh sin ag an CIA i rith an Chogaidh Fhuair.

Lean Kairos Communications i rith na bliana 2018, le lón seach-chraolta (OB) ar ardochaighdeán maidir le hAifreann agus Seirbhísí a bhain le réimse leathan den adhradh Críostaíochta ar fud 32 contae na hÉireann, a chur leis an ábhar cláir reiligiúnda a léiríodh go himhneánach. Ar na buaicphointí, bhí Aifreann na Stáisiún as teach faoin tuath i gContae Ros Comáin, Aifreann faoin spéir ar fhearann sheanmhainistreach cois locha i gCill Eoin, Co. an Chláir; Aifreann daoine óga as Cnoc Mhuire cothrom cúig bhliana lá báis an déagóra Donal Walsh; Seirbhís Cuimhneacháin in Inis Ceithleann cothrom céad bliain an tsosa cogaidh ag deireadh an Chéad Chogaidh agus Aifreann an Mheánoiche ar Oíche Nollag as Cill Dhéagláin i gContae na Mí a cuireadh ar fáil trí Eurovision do chainéil sa Bheilg, sa Fhrainc, san Eilvéis agus san Ísiltír. Rinneadh an t-ábhar seach-chraolta uile ó Kairos a chraoladh ar RTÉ One agus ar RTÉ Radio 1 Extra. Anuas ar an méid sin, chuir Kairos níos mó ná 50 clár OB faoi ábhar Adhartha ar fáil do RTÉ Radio 1 Extra as gach cuid den tír.



Growing Up Live



School Life



What in the World

Sa bhliain 2019, tá béim ar éagsúlacht de shraitheanna mórílimh a chur ar fáil ina ndéantar trácht ar scéalta móra suntasacha a bhféadfaí súil a choinneáil orthu ó bhliain go chéile ionas gur mó a théann an t-ábhar.

ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN

TEILIFÍS

Cúrsaí Ealaíon agus Cultúir

Bliain faoi leith a bhí sa bhliain 2018 maidir le cláir ealaíon choimisiúnaithe ar RTÉ le tionscadail uailmhianacha á gcur ar an aer ar RTÉ One i rith na bliana.

Bhí moladh ag cách ar an bhfadscannán drámaíochta faisnéise *Citizen Lane* arna scríobh ag Mark O'Halloran, arna stiúradh ag Thaddeus O'Sullivan le Tom Vaughan-Lawlor i bpríomhpháirt Sir Hugh Lane, fear daonchairdis, aeistéitice, bailitheoir ealaíon agus péiceallán. Anuas go dtí an lá atá inniu ann, tá úinéireacht bhailiúchán luachmhar Sir Hugh Lane de shárshaothair mháistrí an Impriseanachais ina cnámh spairne idir Londain agus Baile Átha Cliath. Rinne RTÉ, an tÚdarás Craolacháin agus Scáileán Éireann comhchistíocht ar an scannán a cuireadh ar taispeánta i bpictiúrlanna ar fud na hÉireann ar feadh sé seachtaine déag anuas go dtí tráth a chraolta i mí Meán Fómhair ar RTÉ One.

Sa chlár faisnéise *The Abbey: A Riot of Their Own* (Lifeblood Films), rinneadh faire ar bheirt stiúrthóirí nua Amharclann na Mainistreach ar feadh bhliain chorrathach tosaigh a réime i mbun Amharclann Náisiúnta na hÉireann. Rinneadh an clár faisnéise, arna léiriú ag Maurice O'Brien, ar chúl téarmaí in Amharclann na Mainistreach agus ríomhadh go breá soiléir an t-athrú ollmhór a tháinig ar an eagraíocht agus Neil Murray agus Graham McLaren ag teacht i gceannas.

Portráid sárléirithe de Eavan Boland, bean mhór na filíochta in Éirinn agus na feachtasaíochta ar son chearta na mban *Eavan Boland: Is It Still the Same?* a craoladh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan 2018. Rinne gaolta agus cairde dá cuid cur i láthair lena linn, a cara dílis Máire Mhic Róibín ina measc. Icebox Films a léirigh an scannán do RTÉ agus rinne RTÉ agus an tÚdarás Craolacháin maoiniú i gcomhar air.

Craoladh sraith uailmhianach de chláir faisnéise dar teideal *National Treasures* i rith na bliana 2018 inar cuireadh i láthair scéalta nach raibh mórán iomrá orthu in Éirinn na linne seo trí dhírú ar nithe a bhfuil gnáthdhaoine an-phráinneach astu. El Zorrero Films a léirigh an tsraith a raibh comhchiste lena aghaidh á chur ar fáil ag an Údarás Craolacháin agus comhar léiriúcháin cunta á dhéanamh ag an Ard-Mhúsaem. Tionscadal digiteach maidir le slógadh na ndaoine a eagraíodh i rith na bliana 2017 ba bhun leis an tsraith; eisíodh gairm scoile ar fud na hÉireann ag iarraidh ar dhaoine pictiúr a chur ar fáil de na nithe is cáis go mór leo agus de stór an teaghlach chomh maith leis an scéal a bhaineann leo. Rinne meitheal staraith agus saineolaithe eile rogha maidir leis an ábhar ba shuimiúla agus cuireadh taispeántas faoi leith de Stair na nDaoine ar siúl san Ard-Mhúsaem. Cuireadh ceithre cinn de thaispeántais cuairte ar siúl ar fud na hÉireann i rith fhómhar na bliana 2017 agus thángthas ar stór breise lena linn sin. Craoladh an tsraith ceithre chlár i mí Aibreán 2018 agus cuireadh taispeántas nua ar siúl roinnt seachtainí ina dhiaidh sin i Músaem Shaol na Tuaithe i gCaisleán an Bharraigh. Tá borradh i goónaí faoin tionscadal ar na meáin cheangailte agus bhí moladh ag cách ar an tsraith agus ar an taispeántas.

Cláracha Gaeilge

Chuir RTÉ go mór leis an ábhar Cláracha Gaeilge a léiríodh go hinmheánach le réimse leathan tionscadal ar coimisiún ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Choimisiúnaigh RTÉ ábhar cláir ó réimse leathan comhlachtaí ar fud oileán na hÉireann, comhlachtaí Gaeltachta ina measc: Dearg Films, Magamedia, Dearán Media, Rúnda Productions, Mind the Gap Films, Meangadh Fíbin agus Doubleband Films.

Phil Lynott – Scéalta ón Old Town Clár faisnéise leathuair a raibh moladh go forleathan air agus inar cuireadh i láthair an scéal a bhaineann le ceann de na fiseáin popcheoil is iomráití riamh de chuid na hÉireann - 'Old Town' le Phil Lynott. Cuireadh agallamh ar an uile dhuine a raibh baint acu leis an gceirnín 'Old Town' agus leis an bhfiseán a dhéanamh agus tugadh athchuart ar na háiteanna inar léiríodh an fiseán an chéad lá riamh.

Is fada ceol traidisiúnta na hÉireann agus na hAlban fite fuaite ina chéile agus tá athruithe móra tagtha ar an dá chineál le blianta beaga anuas. Sa tsraith sé chlár



Citizen Lane

Bliain faoi leith a bhí sa bhliain 2018 maidir le cláir ealaíon choimisiúnaithe ar RTÉ le tionscadail uailmhianacha á gcur ar an aer ar RTÉ One i rith na bliana.



Eavan Boland: Is It Still the Same?



Phil Lynott – Scéalta ón Old Town

Cosáin Cheoil, comhléiriú le BBC Alba, rinne roinnt de shárcheoltóirí na hÉireann agus na hAlban cíoradh ar an gcaoi a bhfuil athrú agus dul in oiriúint tarlaithe i saol an cheoil thraidisiúnta sa dá thír

Slán leis an gCeol - Léiriú caolchúiseach corraitheach ar shaol Tony MacMahon, fear an bhosca ceoil. Téitear go domhain i scéal chrá agus chéasadh MacMahon go léirítear sa scannán an scéal casta a bhaineann le meidhir an éirí croí agus le gruaim an dúlagair ag an té a bhfuil neamhord dépholach ag gabháil dó. Cuireadh tús leis an obair léiriúcháin ar an gclár faisnéise uair an chloig *Slán leis an gCeol* sa bhliain 2018 agus beidh sé ar an aer i dtús na bliana 2019.

GAA Eile - Sraith fhorleantach trína gcaitear súil ghéar ar a bhfuil ag tarlú i saol Chumann Lúthchleas Gael na linne seo. Sa chéad sraith, *GAA Nua*, bhí aird ar an tionchar atá ag cúrsaí eolaíochta agus teicneolaíochta ar na cluichí Gaelacha. Sa tsraith seo, tá iar-chaptaen buacach Chiarraí, Dara Ó Cinnéide, ar ais le súil an uair seo aige ar chóras eacnamaíochta Chumann Lúthchleas Gael an lae inniu agus é ag fiosrú na buncheiste: cé leis an Cumann Lúthchleas Gael dáiríre? Rinneadh *GAA Eile* a choimisiúnú sa bhliain 2018 agus beidh an tsraith á craoladh i dtús na bliana 2019.

My Tribe: Mo Threibh - sraith dhátheangach ceithre chlár faoi réimsí fochultúir ceoil in Éirinn a coimisiúnaíodh sa bhliain 2018 agus a chraolfar i rith na bliana 2019 ar RTÉ One.

Peireadh - clár faisnéise uair an chloig le dearcadh na linne seo ar an sean-nós oiliúthreachta go Loch Dearg. Comhléiriú idir RTÉ, BBC Thuaisceart Éireann agus Ciste Craoltóireachta na Gaeilge a chraolfar ar RTÉ One i rith na bliana 2019.

Spórt

I rith na bliana 2018, rinneadh trí cinn de chlár faisnéise a choimisiúnú chun cur leis an ábhar spóirt a bhí á chraoladh beo agus á léiriú go himmheánach ag RTÉ. Chuaigh na clár faisnéise seo go domhain i saol agus i dtréithe na ndaoine faoina scríobhtar ceannlínte ar na leathanaigh spóirt agus cuireadh a scéal i láthair do lucht féachana na linne seo agus á gcaomhnú do na glúnta atá le teacht.

Ar *Players of the Faithful*, a léirigh Loosehorse, insíodh scéal fhoireann peile Uíbh Fháilí a chuir deireadh sa bhliain 1982 le deis Chiarraí a bheith ar an gcéad chontae a bhuaigh cúig cinn de chraobhacha Uile-Éireann agus roinnt de na fir ba thábhachtaí lena linn sin faoi agallamh. Ríomhadh an scéal faoi chontae a bhain buntáiste as rátaí arda difhostaíochta i measc fhir óga in Éirinn i mblianta tosaigh na 1980idí agus a bhain stangadh as lucht leanúna an spóirt in Éirinn i gceann de na cluichí ceannais peile is mó a fhanann i gcuimhne na ndaoine. Maireann cuimhne agus seanchas faoi éacht na bhfear seo. Is é *Players of the Faithful* scéal na bhfear óna mbéal féin.

Portráid de shaol agus d'imirt an chéad sáirimreora nua-aimseartha de chuid Chumann Lúthchleas Gael, Jason Sherlock, a bhí sa chlár *Jayo*. Cuireann an tosaí a bhuaigh craobh na hÉireann le peileadóirí Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1995 síos ar an drochíde ciníochais a d'fhulaing sé le linn a óige, an cháil a tháinig air i gcúrsaí spóirt agus an suaimhneas intinne a tháinig ó chíoradh a dhéanamh ar a chranna ginealaigh. Fitear lón scannánaíochta ó na cluichí agus seanábhar cartlainne a bhí ligthe i ndearmad le chéile i gcur síos úr spéisíúil ar dhuine de na fir spóirt is mó le rá in Éirinn arna léiriú ag Loosehorse.

Den chéad uair riamh, cheadaigh Katie Taylor, an dornálaí mná is fearr ar domhan, súil a chaitheamh ar an saol a chaitheann sí. Bhí sí gan sárú i gcró na trodaíochta le deich mbliana anuas agus é á chur síos di gurb í a tharraing aird agus dea-cháil ar dhornálaíocht na mban ionas gur glacadh leis an spórt sna Cluichí Oilimpeacha. Gan aon choinne ag daoine leis thosaigh Katie ag cailleadh babhtaí troda sa bhliain 2016. Mar gheall ar choimhlint idir daoine i dteaghlach dlúth a tharla sin. Clár faisnéise ríspéisíúil atá in *Katie* ina dtéitear go bun na cúise maidir leis an athrú ar chúrsaí dornálaíochta ag Katie agus ina ríomhtar an scéal maidir lena dícheall ciall a bhaint as an saol arís. Aideen O'Sullivan a léirigh an scannán, Ross Whitaker, a stiúir agus chuir RTÉ, Scáileán Éireann, an tÚdarás Craolacháin agus Wildcard Distribution cistí ar fáil lena aghaidh.



Cosáin Cheoil



Players of the Faithful

Clár faisnéise ríspéisíúil atá in *Katie* ina dtéitear go bun na cúise maidir leis an athrú ar chúrsaí dornálaíochta ag Katie agus ina ríomhtar an scéal maidir lena dícheall ciall a bhaint as an saol arís.



Katie

ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN

TEILIFÍS

RTÉ2

Tá buntábhacht le RTÉ2 maidir le cláir spóirt, cláir ghrinn agus le hábhar den nuáil. Bhí ábhar grinn chun tosaigh i rith na bliana 2018 le sraith nua de *Can't Cope, Won't Cope* le Stefanie Preissner, sraith nua de *Hardy Bucks* agus sraith nua de *Bridget and Eamon*. Seoladh *Women on the Verge* chomh maith, comhléiriú le UKTV arna léiriú ag Merman Television, comhlacht Sharon Horgan. Chuir RTÉ comhchistíocht ar fáil freisin le Scáileán Éireann chun daoine cumasacha agus tionscadail do na blianta atá romhainn a thabhairt chun cinn. Ar na cláir fhíorasacha a raibh ábhar mórshuntais iontu, áirítear *The Rotunda*, sraith ar an láthair faoin ospidéal máithreachais is sine in Éirinn, *My Other Life*, faoi shláinte meabhrach daoine óga agus *My Trans Life*, sraith dhá pháirt faoin saol atá ag daoine trasinsneacha. D'éirigh go maith le sraith eile de *First Dates* agus bhí tábhacht le cláir cheoil sna sceidil le sraith nua de *Other Voices* as an Daingean agus *The RTÉ Choice Music Prize* a craoladh as Vicar Street i mBaile Átha Cliath.

Siamsaíocht agus Ceol

Bhí sárchláir choimisiúnaithe le feiceáil ar RTÉ2 i rith na bliana 2018 agus bhí ardmholadh ag lucht léirmheastóireachta ar shraith de thrí chlár faisnéise arna gcur i láthair ag Vogue Williams. Léiriú de chuid Animo TV Productions a bhí sa tsraith seo ina raibh Vogue ar ais ag plé le hábhar nua agus ag cioradh shaol na meán sóisialta agus an chaidrimh nua-aimseartha idir daoine.

Ó thaobh cúrsaí ceoil, bhíthas ar ais i nDaingean Uí Chúis sa bhliain 2018 ag an bhféile iomráiteach *Other Voices* agus craoladh 11 clár uair an chloig den chuid is fearr den fhéile as an Daingean chomh maith le hócáid speisialta i mBéal Feirste. Clár speisialta aon uair an chloig a bhí i gceist le *The RTÉ Choice Music Prize* arna léiriú ag Southpaw Productions agus arna thaifeadadh i Vicar Street i mBaile Átha Cliath. Bláthnaid Treacy a chuir i láthair an clár agus taispeánadh na hoifidigh a ainmníodh do ghradam Amhrán na Bliana agus do ghradam Albam na Bliana i mbun ceoil.

Fíorasach Móréilimh agus Fíorasach Siamsúil

Ar na buaicphointí a bhain le cláir fhíorasacha ar RTÉ2, bhí an tsraith faireacháin *The Rotunda* ina ndearna Scratch Films a raibh ag teacht agus ag imeacht i rith na bliana 2018 timpeall ospidéal an Rotunda i mBaile Átha Cliath, ceann de na hospidéal máithreachais is gnóthaí ar fud na hEorpa, a thaifeadadh. Chonacthas sa tsraith an réimse mothúcháin a bhaineann gach lá den saol le hobair an ospidéal sin, an bhéicíl le linn breith linbh agus an t-áthas a ghabhann le leanbh nua a bheith tugtha ar an saol, an crá agus an céasadh croí nuair a bhíonn saol an pháiste i mbaol mar gheall ar mháchail éigin nó é san aonad NICU le meitheal leighis ag coimhlint lena thabhairt slán. Daonnacht agus cineáltacht lucht na foirne an ní is suntasaí ó thús deireadh na sraithe agus cuireann an lucht féachana aithne ar lánúineacha, cloistear a gcuid scéalta agus a dtuairisc phearsanta féin ar leanbh nua a theacht ar an saol.

Sa tsraith *Billionaire B&B* (Waddell Media), chuir Yasmine Akram roimpi saol na galántachta, mar a chaitheann lucht clú agus rachmais é, a chur ar a súile don lucht féachana. Ag maireachtáil ar nós an bhiliúnaí ar oileáin Ibiza agus Mallorca, buaileann sí le roinnt den dream is saibhre ar na hoileáin agus ligtear isteach í i gcuid de na tithe is daoire. Fiú mura mbeadh Yasmine in acmhainn tithe sócúlacha den sórt sin a cheannach ar bhuiséad ó RTÉ, bhí sí breá sásta seal a chaitheamh ag baint triail as roinnt de na tithe is galánta a chuirtear ar cíos ar fud an domhain ar fad.

Mar gheall ar a fheabhas a d'éirigh leis an tsraith *Ireland's Rich List* (Waddell Media) anuraidh, rinne Joe O'Shea cioradh arís ar liosta na bliana seo den lucht rachmais faoi mar a chuir *The Sunday Times* i dtoll a chéile chun a fháil amach cé na hÉireannaigh is mó a raibh de chúram orthu na milliúin a chomhaireamh. Díriodh i sraith dhá chlár na bliana 2018 ar dhá rang faoi leith: 'An Fiche Éireannach is Saibhre a bhí á n-áireamh den chéad uair' agus 'An Fiche Bean is Saibhre in Éirinn'. Tráth a raibh ceiliúradh an chéid á dhéanamh ar chead vótála na mban,

Tá buntábhacht le RTÉ2 maidir le cláir spóirt, cláir ghrinn agus le hábhar den nuáil.



Vogue Williams



Other Voices



Billionaire B&B

rinneadh na mná is rachmasaí sa tír a ríomh go bhfeicfí cé na mná a bhfuil ag éirí leo ainneoin ceannas na bhfear ar an saol i gcónaí chomh maith le suntas a thabhairt don chaoi ar éirigh le daoine nua ar an liosta a stór rachmais féin a chruinniú.

Sa bhliain 2018 a craoladh *My Trans Life*, tuairisc dhlúthphearsanta ar shaol chúigear ógánach trasinscneacha agus iad ar an mbealach chun athinscne. Chaith na léiritheoirí, That's a Wrap, dhá bhliain leis an scannánaíocht. Tugadh de cheart do shaoránaigh na hÉireann i mí Iúil 2015 a n-inscne faoin dlí a athrú bunaithe ar an bhféinaitheantas amháin, gan gá le gníomh leighis ná beart stáit, rud a fhágann Éire chun cinn maidir le cearta don duine trasinscneach agus í ar cheann de chúig cinn de thíortha ina bhfuil an reachtaíocht bunaithe ar an bhféinchinneadh.

Maidir le cláir fhíorasacha shiamsúla, bhí an tóir chéanna arís eile ar *First Dates* agus *Don't Tell the Bride*, dhá shraith a léiríonn Coco Television, agus craoladh sraitheanna nua freisin de *Say Yes To the Dress*, arna léiriú ag Shinawil, agus *This Crowded House*, arna léiriú ag Indiepics.

Fíorasach Sainiúil

Clár faisnéise téagartha a bhí in *My Other Life: Irelands Young and Their Mental Health* a craoladh ar RTÉ2 i mí Deireadh Fómhair. Scratch Films an comhlacht léiriúcháin agus ba é an chéad saothar stiúrthóireachta é ag Edvinas Maciulevicius. Bhí sraith de thuiriscí tréana pearsanta sa tsraith arna gcur i láthair sa chéad phearsa ag daoine óga – idir fiche bliain d'aois agus cúig bliana fichead a bhí siad ar fad – faoi na deacrachtaí meabhairshláinte a bhíonn le sárú acu féin. Cioradh ceisteanna faoina féidir a dhéanamh in Éirinn faoin saol ina bhfuil an líonn dubh, imní agus deacrachtaí meabhairshláinte i bhfad róchoitianta.

Greann

Bhí sraitheanna ar éirigh go maith leo cheana ar ais arís sa bhliain 2018, mar shampla *Can't Cope Won't Cope* (Deadpan Pictures), *Bridget and Eamon* (Pure Class Productions) agus *Hardy Bucks* (Hardy Films). Chomh maith leo sin, chun treisiú leis an rún aos dána agus ábhar na hÉireann a chur i láthair ar mhargadh idirnáisiúnta don lucht féachana thar lear, rinne RTÉ comhoimiúintú freisin le UKTV, ar shraith nua scrípteáilte ghrinn dar teideal *Women on the Verge* a ndearnadh scannánaíocht air i Londain agus i mBaile Átha Cliath. Bhí Sharon Horgan ar dhuine de na cruthaitheoirí agus Kerry Condon, Eileen Walsh agus Nina Sosanya ar na príomhaisteoirí.

Anuas ar an méid sin, mar gheall ar a fheabhas a d'éirigh le *Bridget and Eamon* agus *Can't Cope, Won't Cope* le tamall beag anuas, rinne an mheitheal Grinn forbairt i rith na bliana 2018 ar réimse nua de chlár ghrinn phiolótacha i gcomhar le Scáileán Éireann. Cuireann an scéim seo maidir le cláir ghrinn phiolótacha bonn treise faoi aos dána na hÉireann, ar an scáileán agus sna réimsí eile. Eagraíodh próiseas dian cur i láthair agus forbartha agus roghnaíodh ceithre cinn de chlár scrípteáilte dá thoradh sin a chraolfar i rith na bliana 2019.

Daoine Óga

Bliain mhaith maidir le hábhar do leanaí ar RTÉ a bhí sa bhliain 2018. Rinneadh réimse spéisiúil d'ábhar ilseánraí a choimiúintú ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, idir ábhar beochana agus gnáthghníomhaíochta, don chainéal digiteach faoi leith do leanaí, RTÉjr, agus do TRTÉ ar RTÉ2.

D'éirigh go maith le hábhar RTÉ do leanaí ar na hardáin líneacha ar fad. Chomh maith le cláir tharraingteacha den éagsúlacht a chur ar fáil ar RTÉ2, d'éirigh go han-mhaith leis na hiarrachtaí an lucht féachana teaghligh i sceideal luath an tráthnóna ar RTÉ One a chothú. D'éirigh le *Donncha's Two Talented*, le Adare Productions, agus *The Greatest Show... That Never Was!* le Vision Independent Productions cuid mhór den lucht féachana teaghligh a mhealladh.

Bhí an tóir chéanna arís eile ar *First Dates* agus *Don't Tell the Bride*, dhá shraith a léiríonn Coco Television, agus craoladh sraitheanna nua freisin de *Say Yes To the Dress*, arna léiriú ag Shinawil, agus *This Crowded House*, arna léiriú ag Indiepics.



My Trans Life



Can't Cope, Won't Cope



The Greatest Show... That Never Was!

ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN

TEILIFÍS

Tharla cor suntasach maidir le hábhar do leanaí 0-7 i rith na bliana 2018 nuair a seoladh an RTÉ Player 3. Fágann 'Córas na Leanaí' ar an seinnteoir go bhfuil réimse sainchóirithe faoi leith d'ábhar do dhaoine óga ar fáil anois le breathnú air an tráth agus an áit inar mian leo é. Níl teorainn lenar féidir a dhéanamh ar an seinnteoir agus tá rún anois cur leis an goartlann reatha ábhair trí ábhar cláir forlíontach a choimisiúnú a chuirfidh lena mbíonn ar fáil ar na bealaí teilifíse traidisiúnta, eadhon, RTÉ One, RTÉ2 agus RTÉjr, agus ar an seinnteoir RTÉ Player.

RTÉjr

Díríodh níos géire ar shiamsaíocht don teaghlach iomlán i rith na bliana 2018. I gceann an róid, bhí laoch an rugbaí, Donncha O'Callaghan, le sraith nua fiche clár stiúideo *Donncha's Two Talented* arna léiriú ag Adare Productions. Ar *Donncha's Two Talented*, déanann oifidigh óga meantóireacht ar thuismitheoir nó ar sheantuismitheoir le rún oifidíocht beirte a dhéanamh os comhair lucht féachana beo. Tharraing an tsraith, a craoladh ar RTÉ One ar dtús ina dhiaidh sin ar RTÉjr, cuid mhór cainte agus lucht féachana mór.

Tháinig oifidigh mór le rá RTÉjr ar fad le chéile mí na Nollag 2018 in *The Greatest Show ... That Never Was!*, seó mór geamaireachta arna léiriú ag Vision Independent Production. Tharla stoirmeacha sneachta, bhí an Nollaig ina cíor thuathail ach bhí na láithreoirí ar fad a thaitníonn le daoine ar RTÉjr i mbun damhsa agus amhránaíochta! An tráth sin de bhliain, ní raibh a mhalairt i ndán!

Tar éis a fheabhas a d'éirigh leis an ngeamaireacht, tá RTÉjr ag dul ag obair i gcomhar le *Dancing with the Stars* ó mhí Eanáir 2019 amach le sraith faoi leith don chainéal *RTÉjr goes Dancing with the Stars* (Shinawil). Irischlár seachtainiúil ceathrú huairte a bheidh sa chlár siamsaíochta seo agus é á chur i láthair ag beirt leanaí. Tá an tsraith dírithe ar theaghlach ag am tae agus ar dhearcadh an linbh ar chúrsaí *Dancing with the Stars* agus a dtarlaíonn le linn na sraithe.

Bhí an draíodóir Joe Daly ar ais i mbun an tseó *AbrakIDabra* le Macalla Teo agus ag múineadh réimse nua cleasanna. Bhí cairde nua ina chomhluadar, Polly pearóid agus Snowy coinín le spraoi, gáire, craiceáil agus, ar ndóigh, draíocht ar *AbrakIDabra*!

Draíocht a bhí de théama freisin leis an tsraith nua scéalaíochta *Living with a Fairy* arna léiriú ag GMarshTV ina bhfeictear Jay, scéalaí a mbaintear cor suntasach as an saol aige nuair a thagann duine den lucht sí ina chónaí in éineacht leis. Sin a chuireann tús leis an spraoi agus an spleodar uilig ar an tsraith álainn seo agus an bheirt ag cur aithne ar a chéile.

Maidir le hábhar fíorasach, sraith de chláir scríofa faisnéise a bhí in *JourneyCam* (Dyehouse Films) trína ndearnadh cíoradh ar an timpeallacht foirgníochta agus ar an taobh tíre bunaithe ar na turais a dhéanann leanaí go rialta agus rinneadh cíoradh sa tsraith *Wild Kids* ar iontaisí fiáine an dúlra atá inár dtimpeall sna bailte móra agus faoin tuath. Ar *All Aboard*, sraith de chláir faisnéise faireacháin le Fubar Films, tugadh an lucht féachana ar bord báirse le teaghlach a bhí ar laethanta saoire ag imeacht ó Dhug na Canálach Móire i mBaile Átha Cliath, trasna na cathrach agus trí phortaigh agus ceantair tuaithe go Caladh na Sionainne i gContae Uíbh Fháiilí. Cuireadh cúrsaí eolaíochta agus turgnaimh i láthair ar bhealach siamsúil in *Let's Find Out*, sraith nua formáide do leanaí réamhscoile arna léiriú i stiúideo ag stop.watch television le comhchiste ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

Bliain mhaith maidir le cláir bheochana de chuid na hÉireann ar RTÉjr a bhí sa bhliain 2018. Bhí an tsraith nua do leanaí réamhscoile *Mya Go* (The Piranha Bar) ar na buaicphointí i sceideal an tsamhraidh le 52 clár faoi *Mya Go* agus í breá sásta



Donncha's Two Talented

Díríodh níos géire ar shiamsaíocht don teaghlach iomlán i rith na bliana 2018.



Living with a Fairy



JourneyCam

ag cur eolais ar an saol ina timpeall. Ar *Peek Zoo* (Igloo Productions), cuireadh beocht i leabhair leis an scríbhneoir/maisitheoir Kevin Waldron i sraith 26 clár beochana faoi eachtraí a tharlaíonn ó lá go lá do Mr. Peek, atá i mbun zú, agus a chlann, Tommy agus Violet. Bhí sárchlár Nollag ag lucht féachana RTÉjr le *Hopscotch and the Christmas Tree* (Ink & Light), clár speisialta leathuairé don dream is óige sa lucht féachana. Ar na cláir ar léiríodh sraitheanna nua díobh, bhí *Pablo* (Kavaleer Productions) leis an dara sraith i rith earrach na bliana 2018 agus *The Day Henry Met* (Wiggleywoo) leis an tríú sraith.

Mar chuid de Scéim Ghearrscannáin Bheochana 2018 RTÉ, bhí tríúr stiúrthóirí ar craoladh an chéad ghearrscannán dá gcuid ar an teilifís le *Pins and Needles* (Brown Bag Films) agus *Near Myths* (RADII).

Tosaíodh ar an obair léiriúcháin ar an dara sraith de *Ballybraddan* (Treehouse Republic), an clár drámaíochta beochana faoi chúrsaí iománaíochta le súil go mbeadh sé á chraoladh in earrach na bliana 2019. Síníodh conarthaí maidir le *Sir Mouse* (Salty Dog Productions) faoi Chiste Beochana Idirnáisiúnta RTÉ lena chraoladh i rith na bliana 2019 chomh maith. Beidh béim ar chúrsaí fiadhúlra i gcláir beochana na bliana 2019 i dhá shraith an-éagsúla atá aontaithe maidir le lucht féachana na ndaoine óga. Sraith shiamsúil beochana cúig chlár déag faoi ainmhithe fiáine a bheidh in *Critters TV* le Turnip agus Duck ag faire ar theaghlach fiadhúlra beochana agus iadsan ag faire sraitheanna de chlár beo fiadhúlra ar an stíl chéanna le *Gogglebox*. Ar *Urban Tails* le Pink Kong Studios, tugtar faoi mhodh oibre níos géire le hainmhithe beochana i mbun rapála i bhfíseáin ceoil dá gcuid féin.

TRTÉ

Thug RTÉ d'aon ghnó, i rith na bliana 2018, faoi straitéis coimisiúnaithe maidir le cláir drámaíochta don lucht féachana seo. I *Mini Moguls*, le Tailored Films, bhí Grace, gnáthchailín ceithre bliana déag, i bhfostú i bplean damanta de chuid Hypercorp, ollchomhlacht teicneolaíochta, le ceannas a fháil ar an domhan ar fad, déagóir i ndiaidh a chéile, duine amháin sa turas go mbíonn siad uilig faoina smacht.

Leanann RTÉ den chomhoibriú dlúth le hAontas Craoltóireachta na hEorpa sa Scéim Malartúcháin maidir le Drámaíocht do Leanaí a bhfuil cláir drámaíochta do dhaoine óga á léiriú faoina scáth, cláir a bhfuil gradaim bronnta orthu. Tá iontas á dhéanamh ag an lucht féachana ag féilte ar fud an domhain de *All in Good Time* (Dyehouse Films) – scéal fantaisíochta grinn faoi bheirt leanaí, duine sa bhliain 1918 agus duine eile sa bhliain 2018 a n-éiríonn leo labhairt le chéile chun fadhbanna a chéile a leigheas. Bhronn Giúiré na Leanaí ag Féile Leanaí Chicago an chéad duais air agus bronnadh an dara duais air ag The Children's Day Festival i Boulder, Colorado agus an Gradam don Ghearrscannán Idirnáisiúnta is Fearr ag féile 2Annas ISFF in Riga.

Rinne Bernard Dunne, iarchuradh dornálaíochta an domhain, beocht a chur i sé cinn eile d'fhinscéalta agus de scéalta miotaseolaíochta na hÉireann do leanaí 8-12 mbliana d'aois sa dara sraith de *Bernard Dunne's Mythical Heroes* le Firebrand Productions.

Beidh an dara sraith 26 clár de *Drop Dead Weird*, comhléiriú Astrálach/Éireannach de chuid Telegael Teo. ina bhfuil Pauline McLynn agus David Rawle sna príomhpháirteanna, ar an teilifís i bhfómhar na bliana 2019.



Hopscotch and the Christmas Tree



Pins and Needles



Mya Go



Mini Moguls



Ar Raidió RTÉ is mó a bhíonn aird ag éisteoirí ar fud na tíre le níos mó ná dhá mhiliún éisteoir gach seachtain.

Dírítear ar an réimse is cuimsithí d'ábhar cláir is airde caighdeán a chur ar fáil ar fud na seánraí ar fad. Tuigtear an gá atá leis an gcruthaitheacht agus leis an ardchaighdeán a chothú ar mhaithe le freastal ar riachtanais éisteoirí na linne seo chomh maith leis an ngá atá le luach an airgid a ghnóthú. Trí oibriú i gcomhar le léiritheoirí neamhspleácha, cuirtear le téagar, le nuáil agus le héagsúlacht an ábhair ar na cainéil ar fad.

Choimisiúnaigh RTÉ 167 uair an chloig de chláir raidió ó léiritheoirí neamhspleácha i rith na bliana 2018.

RTÉ Radio 1

Tá réimse éagsúil seánraí agus líon fairsing comhlachtaí i gceist leis na cláir a coimisiúnaíodh ó chomhlachtaí neamhspleácha agus a craoladh mar chuid de sceideal RTÉ Radio 1. Tá an réimse leathan ábhair maidir le cláir ghrinn, fhíorasacha, gnéchláir agus cúrsaí ealaíon inchurtha leis an obair léiriúcháin go himheánach.

Tá cláir sheanbhunaithe de leithéid *Callan's Kicks*, a léiríonn Catchy Title, neadaithe in intinn lucht éisteachta RTÉ Radio 1 ach téann siad i gcion go mór freisin ar na meáin cheangailte. Tarraingíonn an t-ábhar léiriúcháin agus an lón ábhair a chuirtear ar fáil trí *Comedy Showhouse*, arna léiriú ag Sideline Productions, aird faoi leith ar dheireadh seachtaine Lá Saoire Bainc nuair a thapaíonn lucht éisteachta nua éagsúil cláir Radio 1.

Tá deiseanna faoi leith i gceist le tráthanna craolta níos faide i sceideal an deireadh seachtaine agus i sceideal an tsamhraidh, mar shampla tráthanna craolta chláir de leithéid *The Business* (Old Yard Productions), *The History Show* (Pegasus Consulting) agus *Second Captains* (Second Captains), inar féidir le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha tráthanna sa sceideal lena ngabhann lucht éisteachta mór a thapú.



The Business

Sa bhliain 2019, leanfaidh RTÉ Radio 1 ag cur le chomh maith is a d'éirigh le seónna a coimisiúnaíodh i mbabhtai roimhe seo agus ar éirigh go maith leo ach beidh aird freisin ar chomhlachtaí ar mian leo formáidí nua agus sraitheanna atá i mbéal forbartha a chur chun cinn.



The Panti Monologues



The Book Show

Bhí cabaret comhrá ar bun ag Panti Bliss maidir le hÉireannaigh na linne seo faoin tír sa lá atá inniu ann ar *Pantisocracy* chomh maith le sraith de shaothair friotail ó bhéal a chur i láthair ar *The Panti Monologues* faoin saol atá caite aici, an dá chlár á léiriú ag Athena Media.

Maidir le cúrsaí Ealaíon agus Cultúir, bhí *The Book Show* (New Normal Culture) ar ais le séasúr nua de chúrsaí foilsitheoireachta, scríbhneoireachta agus foclaíochta agus scrúdaigh Olivia O'Leary saol bríomhar éagsúil na bhfilí agus na filíochta ar *The Poetry Programme* (Rockfinch).

Chuir OJO Productions dhá chlár nua ar fáil do Radio 1. In *A Film with Us in It*, rinneadh cioradh ar scéalta roinnt de na daoine a scuabhadh isteach i saol na scannánaíochta agus ar tharla, más go fánach féin é, gur cuid de stair na scannánaíochta iad. Sa tsraith *Situationships*, rinne Rachel Yoder agus Stefanie Preissner a bhfuil i gceist le coincheap an chairdis a fhiosrú agus a chioradh.

Sa bhliain 2019, leanfaidh RTÉ Radio 1 ag cur le chomh maith is a d'éirigh le seónna a coimisiúnaíodh i mbabhtai roimhe seo agus ar éirigh go maith leo ach beidh aird freisin ar chomhlachtaí ar mian leo formáidí nua agus sraitheanna atá i mbéal forbartha a chur chun cinn.

RTÉ 2FM

Mar chuid de thionscadal nuála, cuirtear leaganacha na linne seo ó oifridigh Éireannacha an lae inniu de sheanamhráin chlasaiceacha ar fáil lena gcráoladh ar 2fm agus ar na meáin shóisialta.

Ríomhann an léiritheoir a roghnaíodh, Macalla Teo., an stair a bhaineann leis an gceithre amhrán trí gach ceann de na hamhráin a chioradh leis an té a cheap agus a chum. Seo a leanas na hoifridigh agus na hamhráin a roghnaíodh le taifeadadh i Windmill Lane:

- Tebi Rex – athleagan ar 'Bring It Back' le Roisin Murphy agus Moloko
- Sorcha Richardson – athleagan ar 'Becoming a Jackal' le Villagers
- True Tides – athleagan ar 'Rocky Took a Lover' le Bell X1
- Roe – athleagan ar 'Set the Fire to the Third Bar' le Snow Patrol

RTÉ lyric fm

Rinneadh an coimisiún maidir le *Culture File*, mír laethúil ealaíne agus cultúir RTÉ lyric fm, a athchoimisiúnú ó Soundsdoable. Cuirtear dearcadh sothuigte faoi leith ar chúrsaí ceoil, ar an teicneolaíocht, ar cheardaíocht, ealaín, spraoi, greann, bia agus dearthóireacht i láthair ar *Culture File* leis an lucht ceardaíochta agus cruthaitheachta as áiteanna i ngach cuid d'Éirinn agus áiteanna thar lear. Craoltar *Culture File* ag a 6.05 i.n. gach lá ar *Lorcan Murray's Classic Drive*, agus tagann *Culture File* ar an bhfód go tréan freisin ar na meáin cheangailte trí phodchraoladh laethúil, ábhar ar Soundcloud agus ar Twitter. Tá rún tús a chur i rith na bliana 2019 le díospóireachtaí beo *Culture File* a dhéanfar a thaifeadadh le craoladh ina dhiaidh sin i leagan níos faide den mhír ar a dtabharfar *Culture File Weekly*. Beidh an chéad díospóireacht á heagrú i dTeach Farmleigh ar an 27 Aibreán.

RTÉ Raidió na Gaeltachta

Coimisiúnaíodh trí cinn de shraitheanna ó léiritheoirí neamhspleácha le craoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta i rith na bliana 2018 a thugann deis dúinn súil a chaitheamh siar ar chúrsaí na bliana 1919 in Éirinn agus níos faide ó bhaile, ceangal a chothú le scoileanna dara leibhéal ar fud na tíre agus ceiliúradh a dhéanamh ar shárshaothar ealaíon i sraith nua. Is fianaise an t-ábhar coimisiúnaithe sin ar fad ar an gcaoi a gcuireann earnáil na léiritheoirí neamhspleácha le lón ábhair RTÉ agus a gothaítear ceangal díreach leis an lucht éisteachta.

ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN

RAIDIÓ

Súil Siar 1919 (Scun Scan Productions) Sraith staire a thugann an lucht éisteachta siar go dtí an bhliain 1919 le scéalta daoine éagsúla in Éirinn a bhí beo an tráth sin agus a ndearcadh agus a gcuid tuairimíochta faoi eachtraí iomráiteacha na linne. Déantar comparáid idir saighdiúirí a tháinig slán ón gCéad Chogadh Domhanda agus daoine a bhí gníomhach in Sinn Féin, agus idir póilíní de chuid an RIC agus daoine a bhí in Óglaigh na hÉireann. Pléitear ceisteanna sóisialta na linne agus an tábhacht a bhí leo i saol na ndaoine is ábhar don tsraith chomh maith le léargas a thabhairt ar an gcoimhlint a bhí ag baint le réimsí éagsúla de shaol na tíre.

Bliain na Gaeilge 2018 (Katcom) - Buaicphointe an chomórtais clár raidió idir Scoileanna Dara Leibhéal ar fud an oileáin ar fad. Le cúnamh ó léiritheoir gairmiúil, léiríonn cúig scoil na roghnaíodh don ghearrliosta clár faoina raibh i gceist dóibh féin leis an gceiliúradh oifigiúil ar Bhliain na Gaeilge. Spreagann an tionscnamh seo daoine óga le bheith páirteach i gcúrsaí raidió agus sa Ghaeilge chomh maith le cur leis an aird ar RTÉ Raidió na Gaeltachta i measc na ndaoine óga.

An Cúinne Dána (Tristan Rosenstock) - Irischlár nua ealaíon lena dtugtar deis don aos dána poiblíocht a dhéanamh maidir le saothar dá gcuid. Féachtar le lucht éisteachta chomh leathan agus is féidir a mhealladh trí chur i láthair réidh simplí ar an ábhar. Tá drámaíocht, scannánaíocht, filíocht, leabhair, taispeántais, ceol agus cuid mhór eile ar na téamaí a dtráchtar orthu agus a phléitear. Is é Tristan Rosenstock, ceoltóir agus craoltóir cumasach atá ag obair i saol na n-ealaíon le cuid mhór blianta, a chuireann an tsraith i láthair.

Bliain na Gaeilge 2018
(Katcom) - Buaicphointe
an chomórtais clár raidió
idir Scoileanna Dara
Leibhéal ar fud an oileáin
ar fad.

An Cúinne Dána



Bhí an Scéim Fuaim & Fís 3 a ritheann an tÚdarás Craolacháin an-tábhachtach arís maidir le hábhar coimisiúnaithe ar Theilifís RTÉ i rith na bliana 2018. Coimisiúnaíodh ocht gclár is fiche, a craoladh nó a chraolfar ar theilifís RTÉ, a raibh cúnaimh ón Údarás Craolacháin ina leith le linn na bliana. Is iad sin: *An Irish Street Art Story*, *Bernard Dunne's Mythical Heroes*, *Big Week On The Farm* (sraith a trí), *Cogadh Ar Mhná*, *Critters TV*, *Daniel O'Connell: Heart of a Liberator*, *Finding Joy*, *GAA Eile*, *Guns and Rosaries*, *Herstory*, *Katie*, *Living with a Fairy*, *My Tribe: Mo Threibh*, *Pablo* (sraith a dó), *Peter Rice: The Man Who Dared To Dream*, *Peter Wilson's Animal Stories*, *Rome V The Republic*, *Shooting the Darkness*, *Strictly Business*, *Teenage Ambassadors*, *The Art of Asperger's*, *The Brigade*, *The Irish Soccer Split*, *The Secrets of the Burren*, *The Traveller's Guide*, *Tír na nÓg*, *Slán leis an gCeol*, *Women on the Verge*.

Chomh maith leis na cláir raidió a bhí coimisiúnaithe ag RTÉ, fuarthas 128 n-uair de chláir raidió le craoladh ó léiritheoirí neamhspleácha a bhfuil maoiniú ón Scéim Fuaim & Fís 3, a ritheann an tÚdarás Craolacháin, acu. Áirítear leis sin trí léiriú déag agus fiche trínar cuireadh nócha a hocht n-uair an chloig d'ábhar cláir ar fáil maidir le cúrsaí ealaíon agus cultúir, deich n-uair an chloig de chláir oideachais agus drámaíochta do leanaí agus fiche uair an chloig d'ábhar cláir maidir le cultúr, oidhreacht agus saol na hÉireann.

Mar chuid den chaidreamh maoinithe agus seachtrach a bunaíodh in 2015, d'oibrigh RTÉ go dlúth le Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun cláir a théadh i bhfeidhm ar lucht féachana nua agus lucht féachana níos mó a choimisiúnú trí scéalta a bhfuil eolaíocht, innealtóireacht agus teicneolaíocht ar bhonn acu. Ar na tionscail ar cuidíodh leo i rith na bliana 2018 bhí na sraitheanna a taifeadadh beo iad - *Big Week on the Farm* (Indiepics) agus *Growing Up Live* (Loosehorse) agus cláir faisnéise *Stressed* (Firebrand/stop.watch) agus *My Broken Brain* (Indiepics). Craoladh na léiriúcháin go léir le linn na mbuaiochtráthanna ar RTÉ One.

Bhí cistíocht faoi Alt 481 agus Screen Ireland ag roinnt coimisiún maidir le cláir drámaíochta, cláir bheochana agus cláir ghrinn. Thug RTÉ faoi chomhléiriúchán freisin i gcásanna éagsúla le BBC Thuaisceart Éireann, BBC agus ARTE in 2018. Tugtar anailís iomlán ar an gcistíocht ó fhoinsí eile ar leathanach 22.

Chomh maith leis na cláir raidió a bhí coimisiúnaithe ag RTÉ, fuarthas 128 n-uair de chláir raidió le craoladh ó léiritheoirí neamhspleácha a bhfuil maoiniú ón Scéim Fuaim & Fís 3, a ritheann an tÚdarás Craolacháin, acu.



Women on the Verge

BEARTA TACA EILE

Lean RTÉ i rith na bliana 2018 de chúnadh taca a thabhairt maidir le forbairt na hearnála léiriúchán neamhspleách trí pháirt a ghlacadh sna scéimeanna forbartha, trí chainteoirí a chur ar fáil ag seimineáir do lucht an tionscail agus i gcoláistí oiliúna maidir le léiriúchán scannánaíochta agus teilifíse, trí pháirt a ghlacadh i gcomhdhálacha comhléiriúcháin idirnáisiúnta, trí chúnadh taca a chur ar fáil do léiritheoirí a bhfuil páirtneirí comhléiriúcháin á lorg acu, agus trí bhualadh le comhlachtaí atá ag teacht chun cinn agus lón comhairle a chur ar fáil dóibh.

Déantar páirtmhaoiniú ar Screen Producers Ireland, eagraíocht ionadaíochta na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn, trí thobhach a ghearradh maidir le buiséid léiriúcháin i ndáil le clár a choimisiúnaíonn RTÉ ó na comhaltaí. Is muirear an tobhach dá bhri sin a ghearrtar go díreach ar chuntas na gClár Neamhspleách.

Is cumann ceirde atá in Animation Ireland a dhéanann ionadaíocht thar ceann mórchuid na stiúideonna beochana in Éirinn. Cuireann RTÉ sintiús bliantúil ar fáil do Animation Ireland mar chuid den dúthracht i leith earráil na beochana in Éirinn a fhorbairt.

RIALACHAS CORPARÁIDE

Rinne RTÉ de réir an *Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* 2016 mar aon leis an dualgas a chomhlíonadh i ndáil le rialachas corparáide agus cúrsaí eile a leagtar ar an eagraíocht faoin *Acht Craolacháin 2009*, faoin *Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995* agus faoin *Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001*.

Tá RTÉ tiomanta maidir lena chinntiú go ndéantar an coimisiúnú ar chláir a léirítear go neamhspleách don chraoladh poiblí ar bhealach follasach. Cloíonn RTÉ, san iarracht teacht ar chláir teilifíse agus raidió a léirítear go neamhspleách, a gcoimisiúnú agus a n-athchoimisiúnú, le modhanna oibre atá foirmeálta soiléir, agus foilsítear iad sin lena gceadú ag léiritheoirí neamhspleácha ar láithreán gréasáin RTÉ.

D'fhostaigh RTÉ Deloitte i rith na bliana chun bearta oibre sonraithe a dhéanamh maidir leis na gnáis oibre sonraithe a bhí le cur i bhfeidhm i ndáil le hiarratais faoi chláir teilifíse agus raidió a cuireadh faoi bhráid i rith na bliana 2018. Rinne Deloitte na bearta oibre sin agus bhíodas sásta, i ndáil leis an sampla gnóthaí a cuireadh faoi thástáil, go léiríonn an fhianaise cháipéisíochta atá ar coimeád ag RTÉ go rabhthas ag cloí leis na modhanna oibre coimisiúnaithe a bhaineann le hábhar.



ATHBHREITHNIÚ AR CHÚRSAÍ AIRGEADAIS & AR CHÚRSAÍ COIMISIÚNAITHE

2018 - Achoimre ar an gCaiteachas

Bhí de dhualgas ar RTÉ faoin reachtaíocht maidir le caiteachas ar choimisiúin neamhspleácha faoin *Acht Craolacháin 2009* caiteachas de €39.7m a dhéanamh sa bhliain 2018, i ndáil le cláir don teilifís agus don raidió. B'ionann an caiteachas a tabhaidh i rith na bliana 2018 ar bheartaíocht coimisiúnaithe don teilifís agus don raidió agus €41.0m. Bhí caiteachas 2018 níos airde ná an ceanglas reachtúil i gcónaí, i.e. 3% sa bhreis ar an tsuim reachtúil do 2018.

	2018 Teilifís €'000	2018 Raidió €'000	2018 Iomlán €'000	2017 Iomlán €'000
Caiteachas Tabhaithe				
Caiteachas Reachtúil (Sceid. 5)	38,881	1,200	40,081	39,738
Caiteachas Breise (Sceid. 6)	209	-	209	425
Caiteachas Díreach ar Chláir Choimisiúnaithe	39,090	1,200	40,290	40,163
Barrchostais Leithchurtha RTÉ	735	21	756	654
Caiteachas ar an mBeartaíocht Coimisiúnaithe	39,825	1,221	41,046	40,817

B'ionann an tsuim a caitheadh ar Léiriúchán Neamhspleách trí chuntas na gClár Neamhspleách i rith na bliana 2018 i ndáil le cláir choimisiúnaithe agus €38.9m ar ábhar teilifíse agus €1.2m ar ábhar don raidió, suim iomlán de €40.1m lena n-áirítear costais riaracháin. Sáraítear leis sin an tsuim €39.7m a bhí dlite faoin reachtaíocht. Chuaigh RTÉ i gcaiteachas €0.2m sa bhreis ar an tsuim sin ar chláir teilifíse agus sin anuas ar an gcaiteachas a luaitear maidir le Cuntas reachtúil na gClár Neamhspleách, rud a fhágann go ndeachaigh Teilifís agus Raidió RTÉ i gcaiteachas iomlán €40.3m ar chláir choimisiúnaithe i rith na bliana 2018 (2017: €40.2m) gan barrchostais leithchurtha RTÉ a áireamh.

595 uair an chloig in iomlán (167 don Raidió, 428 don Teilifís) a coimisiúnaíodh leis an gcaiteachas reachtúil ar Léiriúchán Neamhspleácha i rith na bliana 2018, i réimse leathan catagóirí faoi mar a leagtar amach go mion i Sceideal 3.

Déantar anailís ar an gcaiteachas de réir catagóirí cláir i rith na bliana 2018 i Sceideal 5 maidir leis an gcaiteachas reachtúil agus i Sceideal 6 maidir le caiteachas neamhreachtúil.

Caiteachas ar Choimisiúnú agus ar Bharrchostais 2018

Leagtar amach anailís ar an gcaiteachas ar léiriúchán neamhspleách teilifíse agus raidió a thabhaigh RTÉ i rith na bliana 2018 sa tábla thíos. Tugtar briseadh síos níos mine de réir seánraí i Sceideal 5 agus i Sceideal 6.

	2018 Teilifís €'000	2018 Raidió €'000	2018 Iomlán €'000	2017 Iomlán €'000
Caiteachas Tabhaithe				
Coimisiúin de chuid na Bliana 2017 arna dTabhairt ar Aghaidh	8,301	122	8,423	6,535
Athrú maidir leis an gCaiteachas ar Choimisiúin na Bliana 2017 ¹	227	(15)	212	(105)
Athlua ar Choimisiúin de chuid na Bliana 2017 arna dTabhairt ar Aghaidh	8,528	107	8,635	6,430
Coimisiúin nua i rith na bliana 2018 (féach thíos)	36,062	1,180	37,242	40,082
Lúide Coimisiúin le cur ar fáil i rith na bliana 2019	(7,773)	(147)	(7,920)	(8,423)
Costais Riaracháin (Sceideal 7)	2,800	81	2,881	2,499
Gradaim / Scéimeanna	208	-	208	229
Caiteachas ar an mBeartaíocht Coimisiúnaithe	39,825	1,221	41,046	40,817

¹ Tá leasú déanta ar an gcaiteachas ar chláir a coimisiúnaíodh i rith na bliana 2017 arna dtabhairt ar aghaidh i ndáil le hathrú costais agus cláir a chur ar atráth, de réir mar a thit sin amach i rith na bliana 2018.

ATHBHREITHNIÚ AR CHÚRSAÍ AIRGEADAIS & AR CHÚRSAÍ COIMISIÚNAITHE

Is féidir anailís mar seo a leanas (féach an tábla thuas) a thabhairt ar na coimisiúin nua le linn na bliana 2018 dar luach €37.2m:

Coimisiún Nua	Caiteachas Reachtúil €'000		Caiteachas Neamhreachtúil €'000		Iomlán Caiteachas €'000	
		%		%		%
Coimisiúin don Teilifís ¹	33,815	91%	62	100%	33,877	91%
Forbairt don Teilifís ¹	315	1%	-	0%	315	1%
Críochnú don Teilifís ¹	1,870	5%	-	0%	1,870	5%
Teilifís	36,000	97%	62	100%	36,062	97%
Raidió	1,180	3%	-	0%	1,180	3%
Iomlán RTÉ	37,180	100%	62	100%	37,242	100%

¹Féach Sceideal 1 maidir le sainmhíniú ar coimisiúin, forbairt agus ciste críochnaithe

Deonaíodh coimisiúin maidir le clár teilifíse dar luach €18.7m, suim is ionann agus 52% de luach na gcoimisiún nua don teilifís i rith na bliana 2018, do shé cinn de chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha agus bhí suim sa bhreis air sin dar luach €7.9m nó 22% a deonaíodh do shé cinn eile de chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha.

An Obair Coimisiúnaithe 2018

Tugtar sonraí thíos faoi na tograí maidir le coimisiúin a tháinig isteach i rith na bliana 2018:

Áit	Líon na gComhlachtaí		Líon na dTograí a Cuireadh Isteach		Líon na gCoimisiún a Deonaíodh		Líon na nUaireanta an Chloig a Coimisiúnaíodh	
	Teilifís	Raidió	Teilifís	Raidió	Teilifís	Raidió	Teilifís	Raidió
Baile Átha Cliath	102	11	576	19	86	16	315	149
An chuid eile do Phoblacht na hÉireann	47	5	98	6	23	4	73	18
Tuaisceart Éireann	14	-	41	-	11	-	37	-
An Ríocht Aontaithe	8	-	12	-	1	-	3	-
Eile	5	-	5	-	-	-	-	-
Iomlán	176	16	732	25	121	20	428	167

Foinsí eile Cistíochta don Earnáil

Anuas ar an €36.0m a chuir RTÉ i leith na gcoimisiún nua teilifíse i rith na bliana 2018, ghnóthaigh léiritheoirí clár coimisiúnaithe RTÉ cistíocht ó fhoinsí eile. B'ionann luach iomlán na gcistí breise sin i ndáil le conarthaí na bliana 2018 agus €17.4m, de réir na hanailíse seo a leanas:

Foinsí Cistíochta	Drámaíocht & Beochan €'000	Seánraí Eile €'000	Iomlán na gCistí Tríú Páirtí €'000
Cómhainiú	4,338	5,149	9,487
Alt 481	1,690	1,538	3,228
Cistíocht BAI	950	3,781	4,731
Iomlán	6,978	10,468	17,446

Dá réir sin, b'ionann luach iomlán bheartaíocht RTÉ maidir le clár teilifíse neamhspleácha i rith na bliana 2018, ar chistí tríú páirtí a thabhairt san áireamh, agus €53.4m. Ní áirítear sna suimeanna maidir le cistí ó fhoinsí eile thuas, tograí nár chuir RTÉ ach maoiniú maidir le forbairt nó críochnú amháin ar fáil, ach amháin i ndáil le clár a rangaitear mar Drámaíocht nó Beochan nó clár a ndearnadh cómhainiú ina leith faoi Scéim Fuaim & Fís an BAI.

Costais Riaracháin

Leagtar amach go mion i Sceideal 7 anailís iomlán ar na costais riaracháin. Chuaigh Léiriúcháin Neamhspleácha RTÉ i gcostas riaracháin díreach dar iomlán €2.1m i rith na bliana 2018, suim is ionann agus 5% den chaiteachas díreach iomlán a rinne Léiriúcháin Neamhspleácha ar chlár coimisiúnaithe i rith na bliana 2018.

Bíonn Léiriúcháin Neamhspleácha RTÉ ag brath ar réimse seirbhísí de chuid RTÉ, iad seo a leanas san áireamh mar shampla: spás oifige agus na seirbhísí fóntais a ghabhann leis, teicneolaíocht an eolais agus córais ina leith sin, ábhar oifige inchaite, seirbhísí teicniúla agus seirbhísí acmhainní daonna. Tá bonn cuí maidir le hionsúchán iomlán an chostais / úsáid leithchurtha in úsáid chun costas cóir réasúnta na seirbhísí idir-rannógacha sin a úsáideann Léiriúcháin Neamhspleácha RTÉ a léiriú, suim ab ionann agus €0.8m i rith na bliana 2018 (2017: €0.7m).

ATHBHREITHNIÚ AR CHÚRSAÍ AIRGEADAIS & AR CHÚRSAÍ COIMISIÚNAITHE

Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS)

Ullmhaíodh Tuarascáil Bhliantúil RTÉ agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa 2018 (Tuarascáil Bhliantúil RTÉ), de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais agus an léirmhíniú ar na caighdeán sin atá aontaithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta (IASB) agus glactha leo ag an Aontas Eorpach.

Faoi réir na gcaighdeán IFRS, luann RTÉ an costas a bhaineann le cláir choimisiúnaithe a craoladh seachas an caiteachas a tabhaíodh maidir le beartaíocht coimisiúnaithe. Luaitear i dTuarascáil Bhliantúil RTÉ na leibhéil maidir le fardal clár ar láimh, is é sin cláir atá déanta agus a ndeachthas i gcostas maidir leo le linn na tréimhse faoi chaibidil, ach gan iad craolta go fóill faoi dheireadh na tréimhse sin.

Mar gheall, de réir mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009*, gur ar bheartaíocht RTÉ i ndáil le cláir teilifíse agus fuaime neamhspleácha a choimisiúnú i rith na bliana agus ar oibriú chuntas bainc na gClár Neamhspleách ag RTÉ a thráchtar sa Tuarascáil Bhliantúil maidir le Léiriúcháin Neamhspleácha, ní mheastar gur chóir glacadh leis na caighdeán IFRS chun críche na Tuarascála Bliantúla maidir le Léiriúcháin Neamhspleácha. Leagtar amach thíos an réiteach idir an caiteachas a ndeachthas ann maidir le beartaíocht choimisiúnaithe mar a luaitear sa tuarascáil seo agus costas na gClár mar a luaitear i dTuarascáil Bhliantúil RTÉ agus i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa 2018.

Réiteach 2018	Teilifís €'000	Raidió €'000	Iomlán €'000
Tuarascáil Bhliantúil i ndáil le Léiriúcháin Neamhspleácha:			
Caiteachas ar Bheartaíocht Coimisiúnaithe ¹	39,825	1,221	41,046
Móide: Stoc Clár ag tús na bliana	19,463	-	19,463
Lúide: Stoc Clár ag deireadh na bliana	(17,173)	-	(17,173)
Costas Iomlán na gClár a Craoladh	42,115	1,221	43,336
Tuarascáil Bhliantúil RTÉ:			
Costas na gClár a Craoladh			
Costas na gClár Coimisiúnaithe ²	42,526	1,221	43,747
Lúide: Costas Breise na gClár Coimisiúnaithe Ar Líne	(411)	-	(411)
Costas Iomlán na gClár a Craoladh	42,115	1,221	43,336

¹ Féach an Tábla ar I. 21

² Tuarascáil Bhliantúil RTÉ agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa 2018, Nóta 2(e)

TUARASCÁIL Ó CHUNTASÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

Tuarascáil na gCuntasóirí Neamhspleácha do Bhord RTÉ faoi Bhearta Oibre Aontaithe i ndáil le Tuarascáil Bhliantúil Aonad Léiriúcháin Neamhspleách RTÉ maidir leis an mBliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

Tá na bearta a aontaíodh libh, faoi mar a shonraítear thíos, i ndáil le Tuarascáil Bhliantúil Aonad Léiriúcháin Neamhspleách RTÉ (“an Tuarascáil Bhliantúil”) maidir leis an mBliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus na Sceidil a ghabhann léi sin (“na Sceidil”) déanta againn. Rinneadh obair na fostaíochta de réir an Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Seirbhísí Gaolmhara (ISRS 4400) a bhaineann le fostú maidir le bearta oibre aontaithe. Is chun cuidiú leis an mBord a mheas an rabhtas ag comhlíonadh na ndualgas a leagtar ar an mBord faoin reachtaíocht i ndáil le Riachtanais Tuairiscíochta maidir le Léiriúcháin Neamhspleácha, agus chun na críche sin amháin, a rinneadh na bearta.

Tugadh faoi na bearta oibre sin bunaithe ar an bhfaisnéis airgeadais a chuir bainistíocht RTÉ ar fáil agus is ar Bhord RTÉ atá an fhreagracht ina leith sin. Leagtar amach thíos na bearta oibre a rinneadh agus toradh an tsaothair sin:

Nósanna Imeachta

1. Sheiceáladar gur go cruinn a baineadh an t-eolas a luaitear i Sceideal 2 ‘Oibriú Chuntas Bainc na gClár Neamhspleách i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2018’, as an eolas mionsonraithe sa mhórléabhar ginearálta faoi idirbhearta a bhain le cuntas bainc na gClár Neamhspleách i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2018.
2. Sheiceáladar gur go cruinn a baineadh an t-eolas a luaitear i Sceideal 5, Sceideal 6 agus Sceideal 7 as na taifid is bonn leo agus as an anailís mhionsonraithe a hullmhaíodh chun críche Tuarascáil Bhliantúil na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2018 a ullmhú.
3. Sheiceáladar na Sceidil maidir le cruinneas ó thaobh na matamaitice.

Toradh an tSaothair

Rinneamar na bearta a leagtar amach in 1-3 thuas agus níor tugadh aon ábhar eisceachta faoi deara le linn na hoibre sin.

Mar gheall nach ionann na bearta oibre thuasluaite agus iniúcháireacht ná athbhreithniú arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta ná na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Fostú Athbhreithniúcháin, níl aon dearbhú á lua againn i ndáil le Tuarascáil Bhliantúil RTÉ maidir le Léiriúcháin Neamhspleácha don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018.

Is chun na críche sin amháin a luaitear sa chéad alt den tuarascáil seo, agus mar eolas don Bhord, an tuarascáil atá á cur ar fáil againn agus ní le húsáid chun críche eile í. Is leis na nithe sin amháin a shonraítear thuas a bhaineann an tuarascáil seo agus ní théann sí chomh fada le haon ráitis airgeadais de chuid RTÉ arna léamh go cuimsitheach.

Richard Howard

Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP

Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Iniúcháireachta Reachtuil

Deloitte & Teach Touche, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

22 Márta 2019

SCEIDEAL 1: AN DUALGAS MAIDIR LE LÉIRIÚCHÁN NEAMHSPLÉÁCH ATÁ AR RTÉ FAOIN REACHTAÍOCHT

1. Dualgas maidir le Caiteachas

Faoi Alt 116, fo-alt (2) den *Acht Craolacháin 2009* (an tAcht), leagtar de dhualgas ar RTÉ faoin reachtaíocht íosmhéid airgid réamhshonraithe (an tsuim reachtúil) a chaitheamh gach bliain ar chlár teilifíse agus clár raidió arna léiriú go neamhspleách agus an t-airgead sin a lóisteáil i gcuntas faoi leith ar a dtugtar an cuntas Clár Neamhspleách (an cuntas).

Caiteachas Reachtúil	2018 €'000	2017 €'000
Caiteachas Reachtúil Iomlán	39,693	39,512

B'ionann an tsuim reachtúil i leith na bliana 2009 agus €40m agus bíonn athrú, maidir le gach bliain ó shin, ar an tsuim i gcomhréir leis an Treoirimhir Praghsanna bliantúil do Thomhaltóirí (CPI) arna meas ó mhí Lúnasa 2008 go dtí mí Lúnasa na bliana díreach roimh an mbliain airgeadais atá i gceist. Ó b'ionann an CPI arna meas ó mhí Lúnasa 2008 go dtí mí Lúnasa 2017 agus (0.8%), rinneadh an tsuim reachtúil i leith na bliana 2018 a íslíú dá réir. Faoi Alt 116, 3 % an t-íoschéatadán atá le caitheamh ar chraolachán fuaime in 2018 (€1.191m).

2. Dualgas maidir le Tuairiscíocht

Mar a éilítear faoi réir Alt 116, fo-alt (9) den *Acht Craolacháin 2009*, déanfaidh RTÉ tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais tuarascáil a thabhairt don Aire:

- maidir lena ghníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana airgeadais sin i ndáil le coimisiúnú clár craolta fuaime agus teilifíse neamhspleách
- maidir le hainm nó céannacht chorparáideach na ndaoine sin atá coimisiúnaithe chun clár chraolta fuaime nó teilifíse neamhspleácha a dhéanamh
- maidir le feidhmiú ar an gcuntas i gcaitheamh na bliana airgeadais sin (tá mionsonraí feidhmithe an chuntais Clár Neamhspleách do 2018 leagtha amach i Sceideal 2) agus
- maidir le haon nithe eile a bhaineann leis na nithe thuas a ordaíonn an tAire.

3. Sainmhíniú maidir le Coimisiún, Forbairt agus Cistí Críochnaithe

Déantar an tsuim a luaitear mar chaiteachas ar 'Choimisiúin' a shonrú de bhun an choinnill de réir Alt 116, fo-alt (11) den *Acht Craolacháin 2009*, nach mór, ionas go measfaí gur coimisiúnaíodh clár, go rachadh RTÉ 'faoi oibleagáid dhlíthiúil 25% faoin gcéad ar a laghad de chostas' déanta an chlár a íoc sula gcuirtear tús leis an obair ar dhéanamh an chlár.

Déantar suimeanna a luaitear mar chaiteachas ar 'Fhorbairt' agus ar 'Chríochnú' a shonrú de réir Alt 116, fo-alt (2)(a)(ii) agus fo-alt (2)(a)(iii), eadhon, 'foirmlíú tograí ag daoine a thabhairt i gcrích' maidir le clár teilifíse nó raidió neamhspleácha ar coimisiún ag RTÉ agus 'cuidiú le críoch a chur le clár teilifíse neamhspleácha agus le clár craolacháin fuaime nár choimisiúnaigh RTÉ a ndéanamh' faoi seach.

SCEIDEAL 2: OIBRIÚ CHUNTAS BAINC NA GCLÁR NEAMHSPLEÁCH I RITH AN DÁ MHÍ DHÉAG ANUAS GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2018.

	€000s
larmhéid Tosaigh de réir RTÉ amháil 1 Eanáir 2018	5,677
Lóisteáil	
Fáltais ó RTÉ, lena n-áirítear ús Bainc a fuarthas	39,909
Lúide Íocaíochtaí	
Íocaíochtaí	(38,874)
larmhéid deiridh de réir an ráitis bainc ar an 31 Nollaig 2018	6,712

Nóta 1 Bhí €1,080 i gceist le hiomlán na dtáillí bainc i rith na bliana.

SCEIDEAL 3: 2018 CLÁIR/JAIREANTA TEILIFÍSE A COIMISIÚNAÍODH, A CRÍOCHNAÍODH AGUS A FORBRAÍODH FAOI RÉIR NA REACHTAÍOCHTA

Earnáil	Comhlacht Léiriúcháin	Teideal an Chláir	Iomlán Uaireanta an Chloig
Fíorasach	Coco Content	First Dates Sraith 4	14.0
	Kairos Communications	Aifrin agus Searmanais	10.5
	360 Productions / Green Inc	Crimecall Sraith 15	10.0
	Indiepics	Ear to the Ground Sraith 26	8.0
	Vision Independent Productions	Operation Transformation Sraith 12	8.0
	Animo TV Productions	Great House Revival Sraith 2	6.0
	Coco Television Productions	Room to Improve Sraith 12	6.0
	Indiepics	This Crowded House Sraith 2	6.0
	JMACTWO Productions	Ultimate Hell Week	6.0
	Kite Entertainment	Big Life Fix	6.0
	Indiepics	Big Week on the Farm Sraith 3 ¹	5.0
	Shinawil	Home of the Year Sraith 5	5.0
	Alleycats TV	The Borrowers	4.0
	Coco Content	Dermot Bannon's Incredible Homes	4.0
	Waddell Media	At Your Service Sraith 11	4.0
	Animo TV Productions	Vogue Sraith 2	3.0
	Big Mountain Productions	Strictly Business ¹	3.0
	Coco Content	Home Rescue	3.0
	Indiepics	How to be Good With Money	3.0
	Loosehorse	Growing Up Live	3.0
	Moondance Prods. / Mahy Media	Wingman	3.0
	Tyrone Productions	The Irish Revolution	3.0
	Vision Independent Productions	Daniel and Majella's USA Road Trip	3.0
	Vision Independent Productions	Daniel and Majella B&B Roadtrip Sraith 2	3.0
	Vision Independent Productions	Supergarden 2018	3.0
	Waddell Media	Billionaire B&B	3.0
	Waddell Media	Celebrity Globetrotters	3.0
	Waddell Media	Find Me A Home Sraith 3	3.0
	Waddell Media	Francis Brennan's Grand Tour South Africa	3.0
	Waddell Media	Getaways Sraith 7	3.0
	Abu Media	The Brigade ¹ (Críoch)	2.0
	Indiepics	Peter Wilsons Animal Stories ¹	2.0
	JMACTWO Productions	Travellers Guide ¹	2.0
	KMF	What in the World Sraith 12	2.0
	Magamedia	Daniel O'Connell - Heart of a Liberator ¹ (Críoch)	2.0
	Scratch Films	The Rotunda	2.0
	Seafever Productions	The Secrets of the Burren ¹ (Críoch)	2.0
	Shinawil	Dr Eva Live Long & Prosper	2.0
	Tyrone Productions	Dr Eva's Great Escape	2.0
	Waddell Media	Irelands Rich List 2018	2.0
	Vision Independent Productions	Ploughing Live 2018	1.5
	Animo TV Productions	All Bets are Off	1.0
	Animo TV Productions	The John Pauls	1.0
	Crossing the Line Productions	The Game (Extras)	1.0
	Dearg Films	Brendan Grace - Funny Man	1.0
	Esras Fims	Guns and Rosaries ¹ (Críoch)	1.0

SCEIDEAL 3: 2018 CLÁIR/UAIREANTA TEILIFÍSE A COIMISIÚNAÍODH, A CRÍOCHNAÍODH AGUS A FORBRAÍODH FAOI RÉIR NA REACHTAÍOCHTA AR LEAN

Earnáil	Comhlacht Léiriúcháin	Teideal an Chláir	Iomlán Uaireanta an Chloig
	Forefront	Cogadh Ar Mhná ^{1(Críoch)}	1.0
	Frontline Films	Fertility Shock	1.0
	Frontline Films	Philly McMahon - The Hardest Hit	1.0
	GMARSHTV	The Art of Aspergers ^{1(Críoch)}	1.0
	JMACTWO Productions	Bordering on Brexit	1.0
	Lifeblood Films	Teenage Ambassadors ^{1(Críoch)}	1.0
	Loosehorse	Life After the Rising	1.0
	Mind the Gap Films	London Calling	1.0
	Mind the Gap Films	Mother Father Deaf	1.0
	Mind the Gap Films	The Irish Soccer Split ^{1(Críoch)}	1.0
	Moondance Productions	Pope Francis in Ireland: Behind the Scenes	1.0
	Moondance Productions	The Zoo Christmas Special	1.0
	Oddboy Media	Tommy Bowe: The End Game	1.0
	Reel Story Productions	Rome v Republic ^{1(Críoch)}	1.0
	Scratch Films	My Other Life - Irelands Young and Their Mental Health	1.0
	Vision Independent Productions	Bloom 2018	1.0
	Waka TV	We Need to Talk About Mam	1.0
	Conarthaí forbartha éagsúla le Animo TV Productions, Besom Productions, Carnegie Films, Coco Content, DOT TV, Fired Up Productions, Frontline Films, Gambit Pictures, Moondance Productions, Poolbeg Productions, Scanarama, Scratch Films, Waka TV agus Wildfire Film & Television		191.0
Ealaíon agus Cultúr	Underground Films	Herstory ¹	3.0
	Igloo Productions	Peter Rice: The Man Who Dared to Dream ^{1(Críoch)}	1.5
	Another Avenue	An Post Irish Book Awards 2018	1.3
	Bang Bang Teo	Painting by Numbers	1.0
	Broadstone Films	Shooting the Darkness ^{1(Críoch)}	1.0
	Ronin Films	An Irish Street Art Story ^{1(Críoch)}	1.0
	Wildfire Film and Television	We Need to Talk About Ross	1.0
	Conradh forbartha le Wildfire Film & Television		9.8

¹ Coimisiúin a ndearna an tÚdarás Craolacháin páirtmhaoiniú ina leith faoin scéim Fuaim & Fís a ritheann an tÚdarás Craolacháin (Críoch.) Conarthaí Críochnaithe

SCEIDEAL 3: 2018 CLÁIR/UAIREANTA TEILIFÍSE A COIMISIÚNAÍODH, A CRÍOCHNAÍODH AGUS A FORBRAÍODH FAOI RÉIR NA REACHTAÍOCHTA AR LEAN

Earnáil	Comhlacht Léiriúcháin	Teideal an Chláir	Iomlán Uaireanta an Chloig
Cláracha Gaeilge	Adare Productions	Junior Eurovision / An Ríl Deal	16.0
	Adare Productions	Feis and Blood, Sraith 3	13.0
	Tyrone Productions	Cleas Act Sraith 3	12.0
	Meangadh Fíbin	GAA Eile ^{1(Críoch)}	2.0
	Mind the Gap Films	My Tribe - Mo Threibh ^{1(Críoch)}	2.0
	Doubleband Films	Peireadh ^(Críoch)	1.0
	Leirthe Rúnda	Slán leis an gCeol	1.0
	Dearg Films	Phil Lynott: Scéalta ón Old Town	0.5
			47.5
Siamsaíocht agus Ceol	Shinawil	Dancing with the Stars Sraith 3	30.5
	Mind the Gap Films	Brendan O'Connors Cutting Edge	15.0
	Animo TV Productions	Irelands Fittest Family Sraith 6	11.0
	South Wind Blows	Other Voices Sraith 17 ^(Críoch)	10.0
	Power Pictures	The Tommy Tiernan Show Sraith 2	8.0
	Red Shoe Productions	Fleadh Cheoil 2018	3.0
	Coco Television Productions	St. Patricks Day Festival 2018	2.0
	Shinawil	Marty and Bernard's Big Adventure	2.0
	Coco Television Productions	IFTA Film and Drama Awards 2018	1.0
	South Wind Blows	The Gloaming At The National Concert Hall	1.0
	Southpaw Pictures	RTÉ Choice Music Prize 2018	1.0
	Tyrone Productions	Twinkling through the Years	1.0
		Conarthaí forbartha éagsúla le Coco Content	
Drámaíocht agus Greann	Spiral Pictures	Taken Down ¹	6.0
	Pure Class Productions	Bridget and Eamon Sraith 4	3.5
	Rubicon Films / Treasure Ent.	Finding Joy ¹	3.0
	Merman Television	Women on the Verge ^{1(Críoch)}	3.0
	Blue Ink Films	Bump	0.5
	Blue Ink Films	Dad	0.5
		Conarthaí forbartha éagsúla le Blue Ink Films, Deadpan Pictures, Spiral Pictures agus Vico Films	

¹ Coimisiúin a ndearna an tÚdarás Craolacháin páirtmhaoiniú ina leith faoin soéim Fuaim & Fís a ritheann an tÚdarás Craolacháin (Críoch.) Conarthaí Críochnaithe

SCEIDEAL 3: 2018 CLÁIR/UAIREANTA TEILIFÍSE A COIMISIÚNAÍODH, A CRÍOCHNAÍODH AGUS A FORBRAÍODH FAOI RÉIR NA REACHTAÍOCHTA AR LEAN

Earnáil	Comhlacht Léiriúcháin	Teideal an Chláir	Iomlán Uaireanta an Chloig	
Spórt	Ross Whitaker Enterprises	Katie ¹ (Críoch)	1.5	
	Loosehorse	Jayo	1.0	
	Loosehorse	Players of the Faithful	1.0	
			3.5	
Daoine Óga	Telegael Teo	Drop Dead Weird Sraith 2 ^(Críoch)	13.0	
	Kavaleer Productions	Pablo Sraith 2 ¹ (Críoch)	11.0	
	Adare Productions	Donncha's Two Talented	10.0	
	Salty Dog Pictures	Sir Mouse ^(Críoch)	5.5	
	Macalla Teo	Tír na nÓg ¹ (Críoch)	5.3	
	Stopwatch Television	Lets Find Out	5.0	
	Dyehouse Films	JourneyCam	4.0	
	GMARSHTV	Wild Kids	3.8	
	Shinawil	RTÉjr Goes Dancing with the Stars	3.0	
	Turnip and Duck	Critters TV ¹ (Críoch)	2.8	
	Firebrand Productions	Bernard Dunnes Mythical Heros Sraith 2 ¹	2.0	
	Tailored Films	Mini Moguls	2.0	
	GMARSHTV	Living With A Fairy ¹ (Críoch)	1.5	
	Macalla Teo	AbraKIDabra Sraith 2	1.5	
	Macalla Teo	Kidspeak Sraith 2	1.5	
	Vision Independent Productions	The Greatest Show... That Never Was!	1.5	
	Ink & Light	Hopscotch And The Christmas Tree ^(Críoch)	0.5	
	Dyehouse Films	The Girl at the Bottom of the Garden	0.3	
	RADII	Near Myths	-	
	Brown Bag Films	Pins and Needles	-	
	Conarthaí forbartha le Fusion Films agus Tile Media			74.2
	IOMLÁN NA nUAIREANTA TEILIFÍSE A COIMISIÚNAÍODH DE RÉIR NA REACHTAÍOCHTA SA BHLIAIN 2018			428

¹ Coimisiúin a ndearna an tÚdarás Craolacháin páirtmhaoiniú ina leith faoin scéim Fuaim & Fis a ritheann an tÚdarás Craolacháin (Críoch.) Conarthaí Críochnaithe

SCEIDEAL 3: 2018 CLÁIR/UAIREANTA RAIDIÓ A COIMISIÚNAÍODH, A CRÍOCHNAÍODH AGUS A FORBRAÍODH FAOI RÉIR NA REACHTAÍOCHTA

Earnáil	Comhlacht Léiriúcháin	Teideal an Chláir	Iomlán Uaireanta an Chloig
Fíorasach	Old Yard Productions	The Business	40.0
	Pegasus Consulting	The History Show	20.0
	OjO Productions	A Film With Us In It	4.0
	OjO Productions	Situationships	4.0
			68.0
Ealaíon agus Cultúr	Soundsdoable	Culture File	29.5
	Rockfinch	The Poetry Programme	11.0
	New Normal Culture	The Book Show	11.0
			51.5
Cláracha Gaeilge	Scun Scan Productions	Súil Siar 1919	4.0
	Tristan Rosenstock	An Cúinne Dána	2.5
	Katcom	Bliain na Gaeilge 2018	2.5
			9.0
Siamsaíocht agus Ceol	Second Captains	Second Captains	12.0
	Athena Media	Pantisocracy	8.0
	Macalla Teo	2fm Song Covers	0.5
			20.5
Drámaíocht agus Greann	Catchy Title	Callans Kicks	12.0
	Sideline Productions	Comedy Showhouse	6.0
			18.0
IOMLÁN NA nUAIREANTA RAIDIÓ A COIMISIÚNAÍODH DE RÉIR NA REACHTAÍOCHTA SA BHLIAIN 2018			167

SCEIDEAL 4: 2018 CLÁIR/UAIREANTA TEILIFÍSE A COIMISIÚNAÍODH, A CRÍOCHNAÍODH AGUS A FORBRAÍODH NACH FAOI RÉIR NA REACHTAÍOCHTA A RINNEADH SIN

[Earnáil](#)

[Comhlacht Léiriúcháin](#)

[Teideal an Chláir](#)

[Iomlán Uaireanta an Chloig](#)

IOMLÁN NA nUAIREANTA TEILIFÍSE A COIMISIÚNAÍODH, NACH FAOI RÉIR NA REACHTAÍOCHTA É, SA BHLIAIN 2018

Tabhair ar Aird: Ní dhearnadh aon chlár teilifíse a cheadú, a chríochnú ná a fhorbairt sa chatagóir sin le linn na bliana 2018.

SCEIDEAL 5: 2018 CAITEACHAS REACHTÚIL AR CHLÁIR CHOIMISIÚNAITHE DE RÉIR CHATAGÓIR AN CHLÁIR

TEILIFÍS

CATAGÓIR AN CHLÁIR	Iomlán Uaireanta an Chloig	2017 Coimisiúin á dtabhairt ar aghaidh €'000 (Nóta 2)	2018 Coimisiúin Nua €'000	2018 Coimisiúin á dtabhairt ar aghaidh €'000	2018 Costas Iomlán €'000 (Nóta 1)
Fíorasach	191.0	3,708	17,056	(4,209)	16,555
Ealaíon agus Cultúr	9.8	156	500	(251)	405
Cláracha Gaeilge	47.5	56	1,749	(30)	1,775
Siamsaíocht agus Ceol	85.5	3,657	8,841	(2,688)	9,810
Drámaíocht agus Greann	16.5	90	4,451	(10)	4,531
Spórt	3.5	-	294	-	294
Daoine Óga	74.2	826	3,109	(563)	3,372
Móriomlán:	428	8,493	36,000	(7,751)	36,742
Gradaim - Scéimeanna					74
Barrchostais agus costais eile (Sceideal 7)					2,065
Caiteachas Díreach a Tabhaíodh					38,881

RAIDIÓ

CATAGÓIR AN CHLÁIR	Iomlán Uaireanta an Chloig	2017 Coimisiúin á dtabhairt ar aghaidh €'000 (Nóta 2)	2018 Coimisiúin Nua €'000	2018 Coimisiúin á dtabhairt ar aghaidh €'000	2018 Costas Iomlán €'000 (Nóta 1)
Fíorasach	68.0	89	382	(116)	355
Ealaíon agus Cultúr	51.5	-	250	-	250
Cláracha Gaeilge	9.0	-	66	(31)	35
Siamsaíocht agus Ceol	20.5	18	189	-	207
Drámaíocht agus Greann	18.0	-	293	-	293
Spórt	-	-	-	-	-
Daoine Óga	-	-	-	-	-
Móriomlán	167	107	1,180	(147)	1,140
Barrchostais agus costais eile (Sceideal 7)					60
Caiteachas Díreach a Tabhaíodh					1,200

CAITEACHAS DÍREACH AR CHLÁIR CHOIMISIÚNAITHE

TEILIFÍS & RAIDIÓ	40,081
------------------------------	---------------

Nóta 1: Tugtar san áireamh leis an gcostas iomlán OBL nach féidir a ghabháil ar ais (NRV)

Nóta 2: Tá athlua á dhéanamh ar choimisiúin ón mbliain 2017 maidir le hathrú costais nó gealltanais maidir le cláir a chur ar atráth

Nóta 3: Ní thugtar san áireamh barrchostais leithchurtha RTÉ

SCEIDEAL 6: 2018 CAITEACHAS NEAMHREACHTÚIL AR CHLÁIR CHOIMISIÚNAITHE DE RÉIR CHATAGÓIR AN CHLÁIR

TEILIFÍS

CATAGÓIR AN CHLÁIR	Iomlán Uaireanta an Chloig	2017 Coimisiúin á dtabhairt ar aghaidh €'000	2018 Coimisiúin Nua €'000	2018 Coimisiúin á dtabhairt ar aghaidh €'000	2018 Costas Iomlán €'000 (Nóta 1)
Fíorasach	-	35	62	(22)	75
Móriomlán:	-	35	62	(22)	75
Gradaim - Scéimeanna					134
Caiteachas Díreach a Tabhaíodh					209

Nóta 1: Tugtar san áireamh leis an gcostas iomlán OBL nach féidir a ghabháil ar ais (NRV)

Nóta 2: Tá athlua á dhéanamh ar choimisiúin ón mbliain 2017 maidir le hathrú costais nó gealltanais maidir le cláir a chur ar athráth

Nóta 3: Ní thugtar san áireamh barrchostas leithchurtha RTÉ

Nóta 4: Tugtar san áireamh leis an gcaiteachas nach caiteachas faoin reachtaíocht nach goeadaítear faoin Acht Craolacháin 2009 a chur i leith an Chuntais Reachtúil

SCEIDEAL 7: COSTAIS RIARACHÁIN AGUS BARRCHOSTAS EAGRÚCHÁIN INCHURTHA 2018

Cur Síos ar an gCaiteachas	Teilifís €'000	Raidió €'000	Iomlán €'000
Costais Pá-rolla	1,641	47	1,688
Féilte/Ranníocaíochtaí Tionsclaíochta	265	-	265
Stóráil Seiteanna	125	-	125
Taisteal agus Cothabháil	7	-	7
Costais Ríomhaireachta & Teileafóin	4	-	4
Costais Fógraíochta agus Comhairleoireachta	9	13	22
Costais Oifige agus Costais Ilghnéitheacha Office and Miscellaneous	14	-	14
Fo-iomlán:	2,065	60	2,125
Barrchostas Eagrúcháin Leithchurtha	735	21	756
Móriomlán:	2,800	81	2,881

Comhlacht Léiriúcháin

Teideal an Chláir

(a) Frameworks

1	A Man & Ink	A Cat Called Jam
2	Made Image Films	Lady Isabel & The Elf Knight
3	Radii	Nitelink
4	Banjoman Films	Hedy

(b) Ionad Scannán na Gaillimhe - Gearrscannán

1	Creative Ninja Ltd.	The Bridge
---	---------------------	------------

SCEIDEAL 9: AN 50 CLÁR BA MHÓ LUCHT FÉACHANA 2018

Ord	Teideal an Chláir	Cainéal	Dáta Craolta
1	The Late Late Toy Show	RTÉ One	30-11-2018
2	Six Nations: Sasana v Éire	Virgin Media One	17-03-2018
3	Guinness Series Live: Éire v An Nua-Shéalainn	RTÉ2	17-11-2018
4	2018 FIFA World Cup: An Chróit v Sasana	RTÉ2	11-07-2018
5	Room To Improve	RTÉ One	18-02-2018
6	Sunday Game Live (Cluiche Ceannais Iománaíochta na hÉireann): Gaillimh v Luimneach	RTÉ2	19-08-2018
7	Sunday Game Live (Cluiche Ceannais Peile na hÉireann): Áth Cliath v Tír Eoghain	RTÉ2	02-09-2018
8	RTE News: Six One	RTÉ One	01-03-2018
9	Six Nations: Éire v Albain	Virgin Media One	10-03-2018
10	RTE News: Nine O'Clock	RTÉ One	01-03-2018
11	Eurovision Song Contest Final 2018	RTÉ One	12-05-2018
12	Mrs Brown's Boys - Exotic Mammy	RTÉ One	25-12-2018
13	I'm a Celebrity...Get Me Out of Here	Virgin Media One	18-11-2018
14	Six Nations: Éire v An Bhreatain Bheag	Virgin Media One	24-02-2018
15	2018 FIFA World Cup (Final) An Fhrainc v An Chróit	RTÉ2	15-07-2018
16	Mrs Brown's Boys - Mammy's Motel	RTÉ One	31-12-2018
17	The Late Late Show	RTÉ One	12-10-2018
18	2018 FIFA World Cup: An Cholóim v Sasana	RTÉ2	03-07-2018
19	Whistleblower: The Maurice McCabe Story	RTÉ One	13-11-2018
20	2018 FIFA World Cup: An Fhrainc v An Bheilg	RTÉ2	10-07-2018
21	The Young Offenders Christmas Special	RTÉ One	25-12-2018
22	Dancing With The Stars	RTÉ One	04-03-2018
23	Six Nations: An Fhrainc v Éire	Virgin Media One	03-02-2018
24	Champions League Live: Real Madrid V Liverpool	RTÉ2	26-05-2018
25	Six Nations: Éire v An Iodáil	Virgin Media One	10-02-2018
26	Guinness Series Live: Éire v An Airgintín	RTÉ2	10-11-2018
27	Sunday Game Live (Cluiche Leathcheannais Iománaíochta): Corcaigh v Luimneach	RTÉ2	29-07-2018
28	Striking Out	RTÉ One	11-02-2018
29	Guinness Series Live: Éire v SAM	RTÉ2	24-11-2018
30	Taken Down	RTÉ One	04-11-2018
31	Coronation Street	Virgin Media One	08-01-2018
32	2018 FIFA World Cup: An Rúis v An Chróit	RTÉ2	07-07-2018
33	2018 FIFA World Cup: An Túinéis v Sasana	RTÉ2	18-06-2018
34	Ireland's Got Talent	Virgin Media One	03-02-2018
35	Champions League Live: Roma V Liverpool	RTÉ2	02-05-2018
36	2018 FIFA World Cup: An tSualainn v Sasana	RTÉ2	07-07-2018
37	2018 FIFA World Cup: Sasana v An Bheilg	RTÉ2	28-06-2018
38	Six Nations: An Fhrainc v Sasana	Virgin Media One	10-03-2018
39	Fair City	RTÉ One	11-02-2018
40	The Young Offenders	RTÉ2	01-03-2018
41	Pope Francis In Ireland	RTÉ One	26-08-2018
42	The Rose Of Tralee International Festival 2018	RTÉ One	21-08-2018
43	2018 FIFA World Cup: An Chróit v An Danmhairg	RTÉ2	01-07-2018
44	Champions League Live: Manchester City V Liverpool	Virgin Media One	10-04-2018
45	We Won The Lotto	RTÉ One	05-02-2018
46	2018 FIFA World Cup: An Bhrasaíl v An Eilvéis	RTÉ2	17-06-2018
47	One Day: How Ireland Eats	RTÉ One	22-01-2018
48	Champions League Live: Liverpool v Roma	Virgin Media One	24-04-2018
49	Operation Transformation	RTÉ One	28-02-2018
50	Prime Time	RTÉ One	01-03-2018

Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM.

Rangú bunaithe ar eipeasóid is fearr de sheónna/shraith atá 15+ nóiméad ar fhad a craoladh idir 1 Eanáir 2018 agus 31 Nollaig 2018, ar aon chainéal teilifíse, ar fáil in Éirinn ag aon am. Gach figiúr Comhdhlúite maidir le Daoine 4+ de chuid na Tíre. Is ionann an lucht féachana Comhdhlúite agus líon na bhféachaintí beo móide féachaintí taifeadta agus athseinntí laistigh de 7 lá.





NÓTAÍ



Raidió Teilifís Éireann
Donnybrook
Dublin 4

T: 01 208 3111
F: 01 208 3080

www.rte.ie